

**PRÓIFÍLÍ MEASÚNACHTA DON GHAEILGE SNA
SCOILEANNA GAELTACHTA AGUS SCOILEANNA
LÁN-GHAEILGE**

LÁMHLEABHAR

**Gearóid Ó Siaghail
Cristín Déiseach**

**AN FORAS TAIGHDE AR OIDEACHAS
COLÁISTE PHÁDRAIG, BAILE ÁTHA CLIATH 9**

Arna Fhoilsiú ag:

An Foras Taighde ar Oideachas
Coláiste Phádraig
Baile Átha Cliath 9
<http://www.erc.ie>

© 2004 An Foras Taighde ar Oideachas

Uimhir ISBN: 0 900440 15 5

Arna chlóbhualadh ag: e-print Teo., Baile Átha Cliath

CLÁR

1.	Réamhrá	1
2.	Forbairt na bPróifílí.....	3
	Tús na hOibre	3
	An Tréimhse Fhorbartha.....	4
	An Tréimhse Dheimhnithe.....	8
	An Tréimhse Thástála.....	8
3.	Úsáid na bPróifílí	9
	Úsáid na bPróifílí go luath sa Scoilbhliain	9
	Úsáid na bPróifílí i rith na Scoilbhliana.....	9
	Úsáid na bPróifílí ag Deireadh na Scoilbhliana.....	10
	Sainmhíniú ar Scórtha Próifíle.....	11
4.	Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt.....	13
	Naíonáin Shóisearacha.....	14
	Naíonáin Shinsearacha.....	15
	Rang a hAon.....	16
	Rang a Dó.....	17
	Rang a Trí.....	18
	Rang a Ceathair.....	19
	Rang a Cúig.....	20
	Rang a Sé.....	21
5.	Comharthaí Cumais don Réamhléitheoireacht/Léitheoireacht	22
	Naíonáin Shóisearacha.....	23
	Naíonáin Shinsearacha.....	24
	Rang a hAon.....	25
	Rang a Dó.....	26
	Rang a Trí.....	27
	Rang a Ceathair.....	28
	Rang a Cúig.....	29
	Rang a Sé.....	30
6.	Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht	31
	Naíonáin Shóisearacha.....	32
	Naíonáin Shinsearacha.....	33
	Rang a hAon.....	34
	Rang a Dó.....	35
	Rang a Trí.....	36
	Rang a Ceathair.....	37
	Rang a Cúig.....	38
	Rang a Sé.....	39

7.	Forbairt Theicniúil na bPróifílí.....	40
	An Triail Dheimhnithe.....	40
	Tástáil na bPróifílí.....	43
	Bailíocht agus Iontaofacht na bPróifílí	49
8.	Táblaí Norm.....	55
	Noirm do Naíonáin Shóisearacha.....	56
	Noirm do Naíonáin Shinsearacha.....	56
	Noirm do Rang a hAon.....	57
	Noirm do Rang a Dó	57
	Noirm do Rang a Trí.....	58
	Noirm do Rang a Ceathair.....	58
	Noirm do Rang a Cúig.....	59
	Noirm do Rang a Sé.....	59
	Tagairtí	60
	Aguisín A: Foirm Ranga Measúnú don Chuntas Reatha – Measúnú i Rith na Scoilbhliana.....	61
	Aguisín B: Foirm Ranga do Ghrádú Próifíle – Deireadh na Scoilbhliana.....	64
	Aguisín C: Scálaí do Mheasúnú Labhairt na Gaeilge agus Foirm Ranga.....	67
	Aguisín D: Táblaí Breise	69

1. RÉAMHRÁ

Aithnítear Éisteacht/Labhairt mar chuid lárnach den Churaclam Leasaithe don Bhunscoil (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1999a). Tá an Ghaeilge labhartha ag croílár fhealsúnacht agus churaclam na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge (Gaelscoileanna). Cuirtear béim nua sa Churaclam Leasaithe ar thábhacht an mheasúnaithe mar chuid nádúrtha den chóras teagaisc. D'fhoilsigh an Foras Taighde ar Oideachas próifílí curaclaim don Bhéarla (Shiel & Murphy, 2000) tamall ó shin. Forbraíodh na próifílí curaclaim seo don Ghaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge chun freastal ar riachtanais teanga na scoileanna arb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide agus an meán teagaisc iontu.

Is ar an gcur chuige cumarsáideach atá an bhéim sa Churaclam Leasaithe don Ghaeilge. Tá an cur chuige seo in úsáid le fada i suíomh fhíorchumarsáide na scoileanna Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge. Tabharfaidh na treoracha ar leith sa churaclam do na scoileanna seo spreagadh nua agus forleathnú samhlaíoch don obair mhór teanga atá ar siúl sna scoileanna seo cheana féin. Feicfead go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim intuigthe sna próifílí seo. Tá na sé chatagóir fheidhmeanna teanga curtha san áireamh iontu chomh maith.

D'fhás na próifílí seo as obair ar phróifílí le haghaidh labhairt na Gaeilge sa ghaelscoil, naíonáin go rang a dó (Déiseach 1997) – próifílí do ranganna sóisearacha na scoileanna lán-Ghaeilge. Liostaí de chomharthaí cumais a léiríonn céimeanna soiléire ar chontanam forbartha an dalta ag gach rangleibhéal atá sna próifílí. Bhí an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ag forbairt na bPróifílí don Bhéarla ag an am agus úsáideadh saineolas agus múnlóg thaighde an Fhorais sa staidéar Gaelscoile freisin. Fuarthas aiseolas an-dearfa faoi na chéad Phróifílí sin ó na múinteoirí a d'úsáid lena gcuid daltaí iad. Bunaithe ar an staidéar sin agus ar na Próifílí don Bhéarla, thosaigh an obair ar na Próifílí seo don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht, agus don Scríbhneoireacht sa scoil Ghaeltachta agus sa scoil lán-Ghaeilge araon sa bhliain 1998. Bhí ionchur ag líon mór múinteoirí agus saineolaithe sa dá shaghas scoile ag gach céim den obair (féach Caibidil 6).

Rangaítear scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge le chéile sa churaclam toisc gurb í an Ghaeilge an teanga chumarsáide agus theagaisc sa dá chóras. Ach tá difríochtaí suntasacha idir an dá chóras a bhfuil impleachtaí don mheasúnú ag baint leo. Tá an chothromaíocht idir an Ghaeilge mar T1 (.i. mar mháthairtheanga) agus an Ghaeilge mar T2, (.i. mar dara teanga an pháiste) sa dá chóras an-éagsúil. Tá an Ghaeilge mar T1 ag formhór na ndaltaí Gaeltachta. Ach de réir fianaise starógaí ó na Gaeltachtaí tá imní faoin oiread daltaí atá ag teacht chuig na scoileanna Gaeltachta anois ó theaghlaigh arb é an Béarla a gcéad teanga. Sa scoil lán-Ghaeilge, ceaptar gur thart ar 2% de dhaltaí a thagann ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar T1 iontu. Den 98% eile go mbíonn an Ghaeilge mar T2 acu, bíonn cuid mhaith acu gan focal Gaeilge ag teacht ar scoil dóibh. Bíonn cuid eile acu a d'fhreastail ar naíonra agus bíonn tuiscint mhaith agus roinnt foclóra acu. Cuireadh an réimse leathan seo (ó dhaltaí a bhfuil Gaeilge mar T1 acu agus daltaí a bhfuil Gaeilge mar T2 láidir acu go daltaí a bhfuil Gaeilge mar T2 réasúnta acu) san áireamh ag gach tréimhse den taighde agus coimeádadh na torthaí don dá shaghas scoile neamhspleách, chun aon éagsúlachtaí a thabhairt faoi deara. Mheas roinnt múinteoirí a mhúin sa dá chóras go mbeadh tuiscint, blas agus saibhreas foclóra an dalta Gaeltachta i bhfad níos fearr ná mar a bheadh sé sa scoil lán-Ghaeilge. Ach

cheapadar go raibh na daltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge i bhfad níos fearr ag labhairt Gaeilge eatarthu féin sa chlós scoile. Léiríonn na torthaí na pointí seo agus éagsúlachtaí sainiúla eile (féach Caibidil 6 agus Aguisín D).

Meastar go mbeidh na próifílí seo úsáideach i rith na scoilbhliana don mheasúnú leanúnach foirmitheach, agus don mheasúnú suimitheach ag deireadh na bliana. Moltar do na múinteoirí a mba mhaith leo na próifílí seo a thriail lena ndaltaí, go leor ama a thógáil le dul i dtaithí ar choincheap agus ar úsáid próifílí. Is amhlaidh a chuireann measúnú de réir próifíle struchtúr ar a bhfuil á thabhairt faoi deara acu i bhforbairt teanga a ndaltaí ó lá go lá. Is slat tomhais amháin iad i measc réimse leathan d'uirlisí éagsúla measúnaithe a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa Ghaeilge amach anseo (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1999a). Tugann a n-úsáid, fiú ar shampla beag daltaí sa rang, fócas agus eolas nua don teagasc agus don tuairisciú. De réir a chéile beidh an múinteoir in ann grúpaí níos mó a mheas mar chuid den ghnáth-dhírbhreachán ranga. Cruthaíodh iad chun go bhféadfaí é seo a dhéanamh agus go mbeadh an obair fós soláimhsithe. Taispeánann taithí na hAstráile agus na Nua-Shéalainne gur féidir le forbairt an mheasúnaithe a bheith céimseach, dearfach do mhúinteoirí agus torthúil don chóras oideachais ina iomláine.

Tá ocht gcaibidil sa lámhleabhar seo. I gCaibidil 2, déantar cur síos ar an mbealach inar tógadh agus inar forbraíodh na Próifílí seo don Ghaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge. I gCaibidil 3 mínítear conas na Próifílí a úsáid. I gCaibidilí 4, 5 agus 6 tugtar na seiteanna comharthaí cumais don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht ag gach rangleibhéal. Pléitear torthaí an taighde agus tugtar eolas teicniúil maidir le forbairt na bpróifílí i gCaibidil 7. Tá na táblaí norm i gCaibidil 8. Tá Aguisíní A go D ag an deireadh uile. Tá foirm do thuairisc reatha ranga in Aguisín A agus foirm eile do thuairisc dheireadh na bliana in Aguisín B. Tá áis eile, bileog le scála do mheasúnú labhairt na Gaeilge de réir bhreithiúnas an mhúinteora, in Aguisín C. Gheofar táblaí breise a bhaineann le Caibidil 7 in Aguisín D.

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chabhraigh leis an obair seo ó thús deireadh. Táimid go mór faoi chomaoin ag na saineolaithe oideachais agus teagaisc a chabhraigh an oiread sin linn ag tús na hoibre. Fuaireamar comhoibriú iontach ó phríomhoidí agus ó mhúinteoirí ag tréimhse fhorbartha agus ag tréimhse thástála na bpróifílí. Gabhaimid buíochas freisin leis an líon mór páistí ar deineadh na seiteanna comharthaí cumais a thriail orthu agus go speisialta iad siúd a rinne an triail chaighdeánach dúinn. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl dár gcomhleacaithe anseo san Fhoras Taighde ar Oideachas, a thacaigh agus a chabhraigh linn in an-chuid bealaí. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas a ghabháil lenár neagarthóirí, Ursula Ní Dhálaigh agus Séamus Ó hUallacháin. Tá buíochas ag dul to Eoghan O'Suilleabháin, cigire san Roinn Oideachais agus Eolaíochta a thug treoir dúinn agus an lámhleabhar seo á críochnú againn.

Cé gur mar thoradh ar thaighde cuimsitheach agus ionchur ó mhúinteoirí agus ó shaineolaithe eile a forbraíodh na próifílí seo, níl iontu ach an chéad iarracht ar mheasúnú dá leithéid. Is cinnte go ndéanfar iad a fheabhsú agus a fhorbairt a thuilleadh amach anseo. De réir mar a bhainimid úsáid astu is ea a fheicimid a dtairbhe, agus cé na leasuithe is gá a dhéanamh orthu chomh maith. Cuirfidh lucht forbartha na bPróifílí fáilte roimh mholtaí maidir leo, ach iad a sheoladh chuig an bhForas Taighde ar Oideachas.

2. FORBAIRT NA bPRÓIFÍLÍ

Tugann próifílí curaclaim cuntas carnach atá bunaithe ar bhreithiúnas an mhúinteora maidir le dul chun cinn an dalta i ngnéithe den churaclam. Déanann an múinteoir machnamh agus léirmhínte ar leibhéal cumais an dalta i gcomhthéacsanna ábharthacha, chun breithiúnas a thabhairt maidir le cé acu ar éirigh nó nár éirigh leis an dalta torthaí tábhachtacha curaclaim a bhaint amach – torthaí atá bunaithe ar spriocanna suntasacha curaclaim.

Sa chaibidil seo mínítear cúlra, tógáil, deimhniú agus tástáil na bpróifílí seo don Ghaeilge sa scoil Ghaeltachta agus sa scoil lán-Ghaeilge (sa Ghaelscoil). Mínítear an bunús teoriciúil agus an bunús praiticiúil atá leo. Déantar soiléiriú ar na príomh chomhthéacsanna teagaisc inar féidir cumas daltaí a mheas maidir leis na spriocanna sna snáthaonaid churaclaim. Pléitear gnéithe ar leith a bhain le forbairt phróifílí curaclaim do dhaonra ina bhfuil réimse cumas teanga ó pháistí arb í an Ghaeilge a dteanga bhaile agus a bhfuil togha na Gaeilge acu, go daonra mór páistí arb í an dara teanga acu í agus cuid acu siúd arb ón scoil amháin a gheobhaidh siad ionchur agus tacaíocht ina bhforbairt sa dara teanga sin. Ansin tugtar cuntas gairid ar na trí thréimhse a bhí sa taighde.

Tús na hOibre

Tagraíonn an Tuarascáil ar an gComhdháil Oideachais (Coolahan, 1994) don ghá atá le taighde ar fhoghlaim trí mheán an dara teanga (T2) in Éirinn, mar aon le cur chuige measúnaithe chun torthaí na foghlama sin a mheas. Deir an Curaclam Leasaithe (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1999b, lch. 13) gur cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama é an measúnú. Fuarthas aiseolas an-dearfa ó mhúinteoirí maidir le hoiriúnacht agus úsáid na chéad phróifílí don Ghaelscoil (Déiseach, 1997). Ba mhór an sásamh dóibh go raibh cur chuige measúnaithe á fhorbairt á bhí dírithe ar dhaltaí Gaelscoile agus ar an mbealach tumtha ina bhfoghlaimíonn siadsan Gaeilge, seachas daltaí na gnáthscoile (a fhoghlaimíonn mar ábhar í). Ba léir go raibh sé tábhachtach obair thaighde ar bhonn níos leithne a thosú chun freastal ar an riachtanas a bhraith na múinteoirí. Sa bhliain 1998 socraíodh go bhforbrófaí próifílí curaclaim don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht, agus don Scríbhneoireacht ag gach rangleibhéal sa scoil Ghaeltachta agus sa scoil lán-Ghaeilge araon. Tuigeadh ón tús go gcaithfí na héagsúlachtaí idir chúlra Ghaeilge na ndaltaí sa dá chóras a chur san áireamh. Deineadh é seo trí dul i gcomhairle le múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna lán-Ghaeilge ag gach céim den obair. Ba léir mar sin féin go raibh an dá chóras níos cóngaraí dá chéile maidir le curaclaim na Gaeilge ná mar a bhí ceachtar acu don ghnáthscoil.

Tosaíodh ar an réamhobair agus ar dhréachtadh na gcéad chomharthaí cumais sa bhliain 1998. Forbraíodh na próifílí do na ranganna ó Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a Dó le comhoibriú an-chuid múinteoirí sa dá shaghas scoile i rith na scoilbhliana 1999-2000. Deineadh an rud céanna sa scoilbhliain 2000-2001 chun na próifílí do Rang a Trí go dtí Rang a Sé a fhorbairt. Seachas eolas breise maidir le cúlra teanga T1 nó T2 na ndaltaí a tástáladh sna ranganna sinsearacha, ba é an cur chuige céanna a bhí in úsáid sa dá leath den obair. Bhí trí thréimhse sa taighde: tréimhse fhorbartha, tréimhse dheimhniú agus tréimhse thástála.

An Tréimhse Fhorbartha

B'iad seo thíos na príomhthionchair ar fhorbairt an chéad dréachta de na comharthaí cumais don Éisteacht/ Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht ag na hocht rangleibhéal, ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

An Curaclam Leasaithe don Ghaeilge (1999). Cuireadh aidhmeanna, cuspóirí agus cur chuige an churaclaim san áireamh. Cuireadh na sé chatagóir feidhmeanna teanga atá lárnach don chur chuige nua cumarsáideach san áireamh chomh maith:

1. Caidreamh sóisialta a dhéanamh
2. Eolas a thabhairt agus a lorg
3. Dearcadh a léiriú agus a lorg
4. Dul i gcion ar dhuine
5. Struchtúr a chur ar chomhrá
6. Soiléiriú a lorg i gcomhrá

Ceanglaíodh na comharthaí cumais don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht leis na feidhmeanna teanga seo freisin agus leis na spriocanna sainiúla do na snáitheanna sin sa Curaclam Leasaithe.

An stór eolais ar phróifílí T1. D'fhás próifílí curaclaim as an ngluaiseacht i dtreo measúnú dílis, córas a bhí bunaithe ar an measúnú leanúnach neamhfhoirmiúil a dhéanann gach múinteoir ranga. Tá an litríocht idirnáisiúnta ar úsáid phróifílí curaclaim an-dearfach, seachas i Sasana, áit ar úsáideadh na torthaí ar bhonn luachála náisiúnta. Is ar bhonn deonach uile a bhainfear úsáid astu anseo, cur chuige measúnaithe amháin i measc réimse a d'fhéadfadh a bheith ar fáil sa Ghaeilge amach anseo. Ag cur taithí idirnáisiúnta agus moltaí Thuarascáil Quinlan (Review Body on the Primary Curriculum, 1990) san áireamh, leag an Foras Taighde ar Oideachas (O' Leary, Shiel & Forde, 1995) treoirínte síos do Phróifílí an Bhéarla anseo in Éirinn. Ba cheart:

- go ndéanfaí iad a fhorbairt do gach rangleibhéal seachas i mbandaí a thrasnódh grúpa ranganna
- go gcuirfidís eolas measúnaithe ar fáil go bhféadfaí é a úsáid go foirmitheach, go suimitheach agus go diagnóiseach
- go mbunófaí iad ar bhreithiúnais mhúinteoirí faoi chomhlíonadh chuspóirí an churaclaim
- go dtabharfaidís sonraí ar dhalta a bheadh bailíoch agus iontaofa
- go mbeidís soláimhsithe

B'iad seo na treoirínte a leanadh i bhforbairt na bPróifílí don Ghaeilge freisin.

Teoiricí idirnáisiúnta ar shealbhú agus ar mhúineadh an dara teanga (T2). Cé go raibh daonra maith páistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga sna scoileanna Gaeltachta, bhí sé tábhachtach cúram ar leith a dhéanamh de na páistí sa dá chóras arb í an Ghaeilge an dara teanga acu. Déantar tagairt an-ghairid anseo do roinnt teoiricí a bhaineann le pleanáil churaclaim agus measúnú an dara teanga.

Léiríonn taighde ar thumoideachas Fraincise i gCeanada torthaí atá an-dearfach i gcomparáid le córais fhoghlama eile. Ach tá inní ar oideachasóirí ansin maidir le caighdeán scileanna ginchumais teanga na ndaltaí tumoideachais (labhairt agus scríbhneoireacht) i gcontráracht lena scileanna gabhchumais (éisteacht agus léitheoireacht) atá beagnach ar chomhchaighdeán le scileanna cainteoirí dúchais Fraincise (Swain & Lapkin, 1982). Cé nach bhfuil taighde dá leithéid againn anseo, deir teagascóirí sciliúla teanga go bhfuil an chúis chéanna inní acu féin faoin nGaeilge sa chóras tumoideachais in Éirinn.

Chreid Krashen (1982) go bhfuil an fhoghlaim chomhfhiosach teanga ar fáil mar 'monitor' amháin, agus go dtagann líofacht ón teanga atá piochta suas againn (go fo-chomhfhiosach) trí chumarsáid ghníomhach. Deir sé go núsáidtear an fhoghlaim comhfhiosach (gramadach srl.) chun an ráiteas fo-chomhfhiosach a athrú, uaireanta sula ndéantar an ráiteas agus uaireanta eile ina dhiaidh. Is minic a leasaíonn an dalta sa scoil lán-Ghaeilge a ráiteas féin, díreach tar éis an botún a dhéanamh (m.sh. 'An bhfuil cead agam buail an clog?' go 'An bhfuil cead agam an clog a bhualadh?')

Deir Baetens Beardsmore (1993) agus é ag tagairt do na Scoileanna Eorpacha nach mbíonn aon rogha ag daltaí na scoileanna sin ach cumarsáid a dhéanamh lena gcomhscóláirí sa dara teanga (.i. teanga na timpeallachta), ní hionann agus daltaí tumoideachais Cheanada. Ach sna scoileanna Eorpacha i Sasana is amhlaidh a tharlaíonn formhór na cumarsáide idirdhalta i mBéarla, in ainneoin teanga Eorpach eile a bheith mar mheán teagaisc. Is léir ó fhianaise i gCeanada, agus ó chleachtaí sna scoileanna lán-Ghaeilge agus na scoileanna Gaeltachta anseo, go mbíonn an-tionchar go deo ag teanga na timpeallachta ar shealbhú an dara teanga.

Mheas Cummins agus Swain (1986, lch. 158) 'that the more context-embedded the initial L2 input, the more comprehensible it is likely to be, and paradoxically the more successful in ultimately developing L2 skills in context-reduced situations'. Tá impleachtaí sa teoiric seo don churaclam agus don chaoi a ndéantar measúnú ar chumas labhartha an dalta. Tá impleachtaí freisin in idirdhealú Cummins (1984) idir 'basic interpersonal communicative skills (BICS)' a dtógann sé dhá bhliain ar na daltaí iad a fhoghlaim i dtimpeallacht an T2 agus 'cognitive/academic language proficiency (CALP)' a thógann idir cúig agus seacht mbliana.

Luann Baker (1993) an t-athrú ó 'norm-referenced tests to criterion-referenced tests in England and Wales.....which is partly due to the movement in language education towards communicative skills, curriculum objectives and mastery learningcompetence is highlighted rather than errors and deficiencies.'

Cé nach bhfuil anseo ach sampla beag den tuairimíocht is ábhartha, léiríonn sé cúlra teoiriciúil sealbhaithe teanga na hoibre seo.

Na slata tomhais do mheasúnú na Gaeilge in Éirinn. Thaispeáin taighde Harris (1984) gur éirigh go han-mhaith le daltaí na scoileanna lán-Ghaeilge agus le daltaí na scoileanna Gaeltachta sa staidéar mór a deineadh ag an am, cé gur ar dhaltaí sna gnáthscoileanna ba mhó a bhí an staidéar dírithe. Ach ba staidéar cuimsitheach teangeolaíoch a bhí ann agus ní fhéadfaí uirlis shimplí mheasúnaithe a bheadh áisiúil don mhúinteoir ranga a bhunú air.

Bhí na noirm don *Triail Ghaeilge Dhromchonnrach* (1977) bunaithe ar dhaltaí na gnáthscoile seachas daltaí scoileanna Gaeltachta nó na scoileanna lán-Ghaeilge. Tá an triail as dáta anois. Ní rabhtas in ann ach úsáid theoranta a bhaint as an triail mar thomhas neamhspleách sa tréimhse thástála sa staidéar seo.

Traidisiún theagasc na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge. Measadh go raibh sé fíor-thábhachtach an cur chuige measúnaithe seo a bhunú an oiread agus ab fhéidir ar thaithí shaibhir thorthúil na mblianta sna scoileanna seo, agus é a cheangal leis an measúnú neamhfhoirmiúil a bhí mar chuid nádúrtha den chleachtas iontu.

Bhí comharthaí cumais suntasacha ar chontanam forbartha teanga sa cheithre snáithe curaclaim le haimsiú. Toisc gurb í an Ghaeilge an meán cumarsáide agus an meán teagaisc sna scoileanna sa dá chóras atá i gceist anseo, bíonn an múinteoir Gaeltachta/scoil lán-Ghaeilge ag measúnú chumas teanga a ndaltaí i réimse an-leathan comhthéacsanna, go mórmhór san Éisteacht/ Labhairt. D'aithin múinteoirí an réimse comhthéacsanna teagaisc seo go speisialta:

- an síorcheistiú báúil spráúil agus an mealladh páistí chun cainte a chothaíonn tuiscint, ‘scéilíní nuachta’ agus cumarsáid bhreá mhuiníneach
- an stór feidhmiúil teanga do threoracha, do cheisteanna, do bheannachtaí agus do thagairtí nádúrtha reatha atá riachtanach le feidhmiú sa rang
- cothú na tuisceana, na samhlaíochta, agus rannpháirtíocht na bpáistí le neart scéalta, rannta, dánta, drámaí beaga agus ábhar grinn
- aithris dhrámatúil ghníomhach ar roinnt amhrán, rannta, scéalta, filíocht, agallaimh bheirte, lúibíní agus a leithéid d’ábhar dúchasach
- cuntais ó bhéal agus cuntais scríofa ó pháistí ar a gcuid ábhar suime féin, ar a dtimpeallacht, agus ar théacsanna eolais
- an bhéim ar an réamhléitheoireacht seachas léitheoireacht fhoirmiúil i ranganna na naíonán chun an ullmhaíocht sa tuiscint agus sa Éisteacht/ Labhairt a chinntiú roimh ré
- cothú na géaréisteachta chun go bhfoghlaimedh an dalta foclóir nua le foghraíocht cheart trí chruinnaithe, agus chun nós na héisteachta lena chéile a fhorbairt
- rólghlacadh ar ábhair chainte réamhullmhaithe
- ócáidí nádúrtha cumarsáide na bpáistí, sa rang agus ar fud na scoile, le páistí eile, leis na múinteoirí agus le daoine fásta báúla eile;
- gníomhaíochtaí agus cluichí ina bhfaigheann an páiste deis an réimse foclóra shainiúil do threoracha srl. a leathnú agus a chleachtadh i ngrúpaí beaga
- dúshlán dúbailte foghlaim na n-ábhar bunscoile uile trí mheán na Gaeilge, le deacrachtaí tuisceana an ábhair nua chomh maith le sealbhú an tsainfhoclóra nua a bhaineann leis an ábhar sin;
- iarrachtaí tosaigh an pháiste /é féin a chur in iúl i scríbhinn i ranganna na naíonán ach gan tosú ar scríbhneoireacht fhoirmiúil go dtí go mbíonn líofacht bhunúsach labhartha ag an páiste
- réimse maith cineálacha éagsúla téacs a léamh agus a scríobh;

- forbairt phróiséas na scríbhneoireachta trí chomhairle a fháil agus athdhréachtú a dhéanamh;

Is sna gnáthchomhthéacsanna teagaisc seo a dhéanann múinteoirí dírbhreathnú agus measúnú neamhfhoirmiúil ar a gcuid daltaí, agus táid mar bhunús leis na comharthaí cumais a forbraíodh sna ceithre shnáithe curaclaim.

Ina luacháil neamhfhoirmiúil ar chumas teanga an pháiste, déanann múinteoirí tagairt go rialta do líofacht, úsáid Béarla agus idirtheanga, blas, cruinneas agus saibhreas teanga. Ní luaitear na gnéithe seo den chumas teanga sna próifílí don chéad teanga in aon chor, toisc, is dócha, go nglactar leis go dtarlaíonn forbairt sna gnéithe seo go nádúrtha i gcás formhór na ndaltaí sa chéad teanga. Sa Churaclam Leasaithe (Teanga, Ich.14), luaitear ‘cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste’ mar aidhm. Measadh go raibh sé tábhachtach tagairtí do ghnéithe mar seo a fhí isteach sna comharthaí cumais ag barr an chontanaim ranga go mórmhór, chun cabhrú le hidirdhealú ceart a dhéanamh idir pháistí meánacha agus pháistí an-mhaith, go speisialta sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha.

Cé go bhfuil Éisteacht agus Labhairt na Gaeilge rangaithe mar dhá shnáithe éagsúla sa Churaclam Leasaithe, deineadh cinneadh na comharthaí cumais seo don scoil Ghaeltachta agus don scoil lán-Ghaeilge a fhorbairt mar chontanam don Éisteacht/Labhairt le chéile. Deineadh é seo toisc gur mheas na múinteoirí nárbh fhiú bheith ag coinneáil chuntais dul chun cinn san Éisteacht neamhspleách ar an Labhairt (le seit comharthaí cumais ar leith don Éisteacht) i scoileanna arb í an Ghaeilge an teanga cumarsáide agus teagaisc iontu. Forbraíodh na próifílí don Éisteacht/Labhairt mar chuid den chontanam céanna mar sin, agus feicfead go bhfuil na liostaí comharthaí cumais sin níos faide ná na liostaí don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht.

Tá polasaithe éagsúla i bhfeidhm maidir le tús na léitheoireachta sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge araon. Tá gá le taighde chun oiriúnacht agus éifeacht na bpolasaithe éagsúla sin sa dá chóras a scrúdú. I dtógáil na gcomharthaí cumais don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht i ranganna na naíonán, cuireadh spriocanna an Churaclaim Leasaithe agus comhairle ó mhúinteoirí a raibh taithí na mblianta acu san áireamh. Cheap na múinteoirí go mba ghá an t-am breise a thógann sealbhú na teanga labhartha (sara dtosaítear ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht fhoirmiúil) a chur san áireamh sna próifílí don dá rang naíonán. Sa Churaclam Leasaithe don Ghaeilge (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 1999b, Ich. 88) tugtar an treoir seo: ‘Moltar an léitheoireacht fhoirmiúil a thosú nuair a bheidh scileanna labhartha agus éisteachta an pháiste daingnithe go láidir agus gan tosú ar an léitheoireacht fhoirmiúil sa dá theanga ag an am céanna’. Mar sin cuireadh an bhéim ar ullmhaíocht agus ar scileanna réamh-léitheoireachta agus réamh-scríbhneoireachta sna comharthaí cumais do na Naíonáin Shóisearacha, agus bunaíodh na comharthaí cumais do na Naíonáin Shinsearacha ar an gcuid de na spriocanna curaclaim don dá rang naíonán a bhí fágtha. Chun freastal ar pháistí T1, tá rogha ag múinteoirí an cúpla comhartha cumais breise don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht atá ag bun an liosta do na Naíonáin Shóisearacha a úsáid. Is dócha go n-oirfeadh seo do mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta go speisialta, toisc go mbíonn caighdeán maith Gaeilge labhartha ag na páistí arb í an Ghaeilge a dteanga bhaile sula dtagann siad ar scoil, agus go bhfuilid siúd ullamh le tosú ar an léitheoireacht agus ar an scríbhneoireacht níos tuisce ná páistí T2.

Scríobhadh an chéad dréacht de na seiteanna comharthaí cumais leis na foinsí agus na tionchair uile thuas san áireamh. Cuireadh os comhair coistí múinteoirí agus saineolaithe iad chun a gcuid tuairimí agus moltaí fúthu a fháil. Pléadh go mion iad ag cruinnithe le múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge. Nuair a bhí athchóiriú de réir na moltaí uile a fuarthas curtha i gcrích bhíodar ullamh le cur chuig na scoileanna a bhí toilteanach bheith páirteach sa chuid eile den taighde.

An Tréimhse Dheimhnithe

Roghnaíodh sampla scoileanna sa Ghaeltacht agus scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghalltacht¹. Cuireadh na liostaí comharthaí cumais don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht i ngach rang in ord randamach, seachas ord deacrachta, agus cuireadh chuig múinteoirí sna ranganna a bhí i gceist san dá shaghas scoile iad. Bhí dhá liosta dhéag de chomharthaí cumais i gceist sa dá bhliain, Naíonáin Shóisearacha - Rang a Dó sa bhliain 2000 agus Rang a Trí - Rang a Sé sa bhliain 2001. Iarradh ar na múinteoirí na comharthaí cumais don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht dá rangleibhéal féin a chur in ord deacrachta, bunaithe ar a dtaithe féin ag an rangleibhéal sin. Iarradh orthu ceistneoir ag lorg a dtuairimí faoi oiriúnacht na liostaí comharthaí cumais a líonadh chomh maith. Deineadh anailís ar na torthaí chun ord deacrachta na gcomharthaí cumais de réir bhreithiúnas na múinteoirí a aimsiú agus fágadh roinnt comharthaí cumais, nár réitigh múinteoirí fúthu, ar lár. Coimeádadh torthaí bhreithiúnas na múinteoirí Gaeltachta agus Gaelscoile neamhspleách ar a chéile chun difríochtaí sa dá chóras a aithint agus a chur san áireamh, agus cuireadh le chéile ansin iad. Nuair a bhí na 24 seit comharthaí cumais in ord deacrachta agus na leasuithe a moladh déanta orthu, bhíodar ullamh le cur chuig na múinteoirí lena dtástáil ar a ndaltaí.

An Tréimhse Thástála

Tugadh treoir do na múinteoirí a bhí páirteach sa tréimhse seo maidir le húsáid na bpróifíilí. Bhí orthu an comharthaí cumais is airde a bhí sroichte ag gach dalta san Éisteacht/ Labhairt, sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht a chlárú. Chomh maith leis sin bhí orthu a mbreithiúnas maidir le caighdeán labhartha gach dalta ar scála 1 -5 faoi na teidil Líofacht, úsáid Béarla/idirtheanga, réimse foclóra, cruinneas agus blas, a chlárú ar an mbileog tuairisce. In éineacht leis an méid thuas, iarradh ar mhúinteoirí Rang a Dó go dtí Rang a Sé Triail léitheoireachta Ghaeilge a chur ar a ndaltaí. Cuireadh na trialacha sin ar ais chuig an bhForas Taighde ar Oideachas lena gceartú. Iarradh ar na múinteoirí freisin eolas maidir le cúlra Gaeilge a ndaltaí a chlárú ar an tuairisc. Bhí an triail léitheoireachta agus na scálaí don Labhairt le húsáid mar thomhais neamhspleácha le hais na bpróifíilí. Deineadh mion-anailís ar na torthaí uile.² Nuair a bhí anailís iomlán déanta, ba léir go raibh na próifíilí curaclaim seo forbartha ar bhealach a bhí úsáideach agus cabhrach do mhúinteoirí sna scoileanna seo agus iad ag measúnú dul chun cinn a ndaltaí sa Churaclam Leasaithe. Ba léir freisin gur oir siad do réimse maith cumais sna snáitheanna curaclaim sin ag gach rangleibhéal. Gheofar na seiteanna comharthaí cumais don Éisteacht/ Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht i gCaibidilí 4, 5 agus 6. Tá na torthaí uile pléite i gCaibidil 7.

¹ Tugtar eolas iomlán ar an sampla i gCaibidil 7.

² Tá cur síos iomlán ar an bpróiseas seo i gCaibidil 7

3. ÚSÁID NA bPRÓIFÍLÍ

Sa chaibidil seo, tugtar treoir maidir le húsáid na bpróifílí curaclaim don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht go luath sa scoilbhliain, i rith na scoilbhliana, agus ag deireadh na scoilbhliana. Mínítear conas na torthaí a chlárú agus a léirmhíniú.

Úsáid na bPróifílí go Luath sa Scoilbhliain

Cé gur don mheasúnú ag deireadh na bliana a forbraíodh na próifílí Gaeilge seo go príomha, is féidir tairbhe a bhaint as a n-úsáid i rith na bliana chomh maith. Nuair atá an múinteoir i mbun pleanála ag tús na bliana, bíonn deis aici/aige leas a bhaint as na próifílí. In éineacht leis na doiciméid churaclaim, na pleananna scoile, na téacsleabhair agus na hacmhainní eile ranga, tig leis an múinteoir na seiteanna comharthaí cumais don éisteacht/labhairt, don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht dá rangleibhéal a scrúdú agus a chur san áireamh mar chuid den phlean measúnaithe.

Úsáid na bPróifílí i rith na Scoilbhliana

Fad is a bhíonn na gnáthghníomaíochtaí ranga ag dul ar aghaidh i rith na bliana gheobhaidh an múinteoir deiseanna a t(h)uiscint ar na comharthaí cumais dá rangleibhéal a iomlánú. Déanann an múinteoir dírbhreachnuithe ar pháistí sna gnáthchomhthéacsanna ranga don éisteacht/labhairt, don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht, i gcomhthéacsanna mar iad seo a leanas:

- ócáidí nádúrtha cumarsáide atá ag an bpáiste sa rang agus ar fud na scoile
- rannpháirtíocht, comhlíonadh teoracha, agus comharthaí eile a léiríonn tuiscint an pháiste
- cumas éisteachta agus cruinnaithe an dalta agus é/í ag foghlaim foclóra nua
- cumas an dalta é/í féin a chur in iúl sa chaint agus sa scríbhneoireacht
- an páiste ag cur síos ar eachtra a tharla dó/di agus ag freagairt ceisteanna faoi
- líofacht, blas agus cruinneas na teanga atá in úsáid ag an dalta
- aithinsint scéil a d'inis nó a léigh an múinteoir os ard don rang
- rólghlacadh bunaithe ar thopaicí cainte réamhullmhaithe
- an páiste ag tabhairt cuntais don rang ar thionscadal a rinne sé/sí
- an páiste ag tabhairt teoracha ag míniú cluiche nó gníomhaíochta éigin
- léitheoireacht os ard as téacs
- an páiste ag tabhairt aiseolais agus tuairimí maidir le téacs a léadh sa rang
- an páiste ag déanamh coimriú ar théacs eolais
- pleanáil píosa scríbhneoireachta agus moltaí maidir leis á gcur i gcrích

De réir a chéile baileoidh an múinteoir eolas mar gheall ar na daltaí a shroich comharthaí cumais ar leith agus ar na daltaí nár shroich na comharthaí sin fós. Díríonn an t-eolas seo an phleanáil oibre ar bhealach atá an-tairbheach don fhoghlaim. Is í seo úsáid fhoirmitheach na bpróifílí. Moltar do na múinteoirí na dírbhreachnuithe a dhéanann siad anois is arís a chlárú i leabhar nótaí, i dtreo is gur féidir tagairt dóibh ag deireadh na bliana. Tugtar treoir maidir le húsáid na n-úirlisí

measúnaithe – dírbhreatnú an mhúinteora, tascanna agus trialacha a dhear an múinteoir, agus bailiúchán d’obair agus de thionscadal an pháiste – sa Churaclam Leasaithe don Ghaeilge (lch.146-149). Is iad seo na huirlisí ar a bhfuil múinteoirí ag bunú a gcuid measúnaithe le fada.

Sna próifílí curaclaim, ceanglaítear measúnú den saghas thuasluaite leis na spriocanna curaclaim san Éisteacht/Labhairt, sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht ar bhealach struchtúrtha. In éineacht leis sin tá na spriocanna curaclaim atá intuigthe sna comharthaí cumais sin curtha in ord deacrachta de réir bhreithiúnas roinnt mhaith múinteoirí.

Chomh maith le coinneáil nótaí den saghas thuas, b’fhéidir go mba mhaith leis an múinteoir dul chun cinn grúpaí daltaí nó an ranga uile a chlárú ar an mbileog ranga don mheasúnú foirmitheach (Figiúir 2.1). Moltar é a líonadh isteach uair sa téarma más féidir. Tabharfaidh an bhileog reatha seo léargas leathan ar dhul chun cinn na ndaltaí sa rang. Cabhróidh sé leis an múinteoir obair phleanála a dhéanann sé/sí a dhírú ar riachtanais teanga an ranga uile, nó ar riachtanais ghrúpaí ar leith sa rang.

Figiúr 3.1: Foirm don Chuntas Reatha (Sampla)

<i>Scoil:</i> Naomh Iósef	<i>Bliain:</i> 2002/03			<i>Rang:</i> 3			<i>Múinteoir:</i> P Ní Bhriain			
<i>Snáithe curaclaim:</i> Scríbhneoireacht	<i>Dáta meas. 1 (x)</i> Samhain 2001			<i>Dáta meas. 2 (y)</i> Feabhra 2002			<i>Dáta meas. 3 (z)</i> Bealtaine 2002			
<i>Ainm an dalta</i>	<i>cc.1</i>	<i>cc.2</i>	<i>cc.3</i>	<i>cc.4</i>	<i>cc.5</i>	<i>cc.6</i>	<i>cc.7</i>	<i>cc.8</i>	<i>cc.9</i>	<i>cc.10</i>
1. Seán Ó D.	x*	x	y	Y	z	z				
2. Máire Ní L.	x	x	x	X	y	z	z			
3. Jane Nic C.	x	x	x	Y	y	y	z	z	z	
4. Pádraig B.	x	x	x	Y	y	y	y	z	z	z
5. Fiona Ní Sh.	x	x	y	Y						
6. Dónal Ó C.	x	x	x	Y	y	y	z	z		

Bain úsáid as dath nó litir éagsúil, nó córas éigin eile chun torthaí na dtéarmaí éagsúla a idirdhealú. Feicfead an dul chun cinn ó théarma go téarma go soiléir mar sin. Is leor an mhí inar deineadh an measúnú a chlárú mar dháta, toisc gur dócha go dtógfadh sé roinnt seachtainí an measúnú foirmitheach seo a dhéanamh.

Ar an bhfoirm shamplach thuas don Scríbhneoireacht do rang a trí sa scoilbhliain 2002/3, shroich Seán Ó D. comharthaí cumais a haon agus a dó faoi Shamhain, comharthaí cumais a trí agus a ceathair faoi mhí Feabhra, agus comharthaí cumais cúig agus sé roimh dheireadh mhí Bealtaine. Feicfead freisin nár éirigh le Fiona Ní Sh. dul thar comhartha cumais 4, toisc go mbíonn an-chuid botún aici ina hobair scríofa fós. Tá foirm den saghas thuas, ar féidir a fótachóipeáil, ar fáil in Aguisín A.

Mar chuid de chur i gcrích an phlean measúnaithe scoile, tá sé tábhachtach go mbeadh deis ag múinteoirí (ar mian leo na próifílí a úsáid), comhthuiscintí maidir le comhlíonadh comharthaí cumais ar leith a fhorbairt. Sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge, tarlóidh seo idir mhúinteoirí an dá rang naíonán nó péire ranganna eile, nó le plé foirne i scoileanna beaga, nó le plé idir scoile b’fhéidir. Tógfaidh forbairt na gcomhthuiscintí seo roinnt blianta, ach is le taithí agus le plé idir mhúinteoirí a dhéanfar é, agus forbrófar iontaofacht na bpróifílí seo mar chuid den phróiseas céanna.

Úsáid na bPróifílí ag Deireadh na Scoilbhliana

Ag druidim le deireadh na scoilbhliana, is féidir an t-eolas measúnaithe uile a bhailiú le chéile. Má tá an cuntas reatha coinnithe don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht, beidh clárú torthaí dheireadh na bliana i

bhfad níos éasca. Anois is arís, beidh ar an múinteoir tuilleadh measúnaithe a dhéanamh ar dhalta chun bheith cinnte cé acu an bhfuil comhartha cumais ar leith comhlíonta ag an dalta nó nach bhfuil. Nuair atá an méid sin déanta, tosaítear ar ghrádú na ndaltaí de réir na bpróifíilí agus ar chlárú an eolais sin.

Grádú Daltaí de Réir na bPróifíilí

Scríobhtar ainm gach dalta ar chóip den fhoirm ranga do ghrádú próifíle dheireadh na bliana, atá ar fáil in Aguisín B. Ansin, scrúdaítear na liostaí comharthaí cumais don Éisteacht/Labhairt (Caibidil 4), don Léitheoireacht (Caibidil 5) agus don Scríbhneoireacht (Caibidil 6) don rangleibhéal cuí. I gcás gach dalta ar an liosta, déantar cinneadh maidir leis an gcomhartha cumais is airde atá sroichte aici nó aige sna trí snáith den churaclam. Cláraítear na torthaí sin sna colúin chuí ar an bhfoirm ranga. Tugann seo na hamhscórtha don dalta. Déantar nóta freisin de na comharthaí cumais níos ísle nach bhfuil sroichte ag an dalta fós chun gur féidir díriú arís ar na scileanna a fágadh ar lár. Ansin cláraítear an t-ord peircintíle a théann leis an uaschomhartha cumais atá sroichte ag an dalta (féach thíos). Is féidir na hoird peircintíle a aimsiú sna táblaí norm (Caibidil 8).

Sainmhíniú ar Scórtha Próifíle

Feictear i bhFigiúr 3.2 gurb é comhartha cumais (c.c.) 8 an cheann ab airde san seit don Éisteacht/Labhairt do Rang a Trí a bhí sroichte ag Seán Ó D. (dar lena mhúinteoir). Tugtar *an t-amhscór próifíle* ar seo. Ciallaíonn sé go bhfuil Seán in ann cuntas soiléir ar eachtra nó ar ábhar suime dá chuid a thabhairt, agus gur féidir leis ceisteanna faoi a fhreagairt, ag tabhairt mioneolais mar is cuí. Feictear freisin nár éirigh le Seán c.c. 5 a bhaint amach fós. I gcomhthéacs an cheachta chomhrá, ní féidir leis cur síos sásúil a dhéanamh ‘ar ar tharla, ar a dtarlaíonn, agus ar a dtarlóidh’. Seo gné den churaclam go bhféadfadh Seán tabhairt faoi arís amach anseo.

Figiúr 3.2: Foirm Ranga do Ghrádú Próifíle– Deireadh na Bliana (Sampla)

Scoil: <i>Naomh Iósef</i>	Bliain: 2001/02			Rang: 3			Múinteoir: <i>P.Ní Bhriain</i>		
Dáta: 4/6/03	Éisteacht/ Labhairt			Léitheoireacht			Scríbhneoireacht		
Ainm an dalta	Amhscór	Ord Peircintíle	Comharthaí níos ísle atá fós ar lár	Amhscór	Ord Peircintíle	Comharthaí níos ísle atá fós ar lár	Amhscór	Ord Peircintíle	Comharthaí níos ísle atá fós ar lár
1 Seán Ó D.	8	69	5	7	55	-	6	45	-
2 Máire Ní L.	9	82	-	8	76	-	7	63	-
3 Jane Nic C.	10	88	-	10	99	-	9	90	-
4 Pádraig B.	11	99	-	10	99	-	10	99	-
5 Fiona Ní S.	6	39	-	6	35	-	4	16	-
6 Dónal Ó C.	9	82	-	9	85	-	8	84	-

Is féidir freisin *an t-ord peircintíle* a fhaigheann dalta a chur san áireamh nuair a bhíonn a stádas á mheas. I gcás Seán Ó D., is é an t-ord peircintíle a bhaineann lena amhscór (8) san Éisteacht/Labhairt ná 74 (Is féidir é seo a aimsiú i dTábla 8.5 i gCaibidil 8). Ciallaíonn sé seo go bhfuil amhscór Sheáin comh hard nó níos airde ná amhscóranna 74% de dhaltaí i Rang a Trí (Gaelscoileanna agus Scoileanna lán-

Ghaeilge san áireamh) a ghlac páirt sa staidéar chun na próifílí a thástáil (féach, Caibidil 7). Is fearr an t-ord percintíle a úsáid má bhíonn comparáid á déanamh idir stádas an dalta sna trí ghné den churaclam.

D'éirigh go réasúnta maith le Seán sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht. B'é an t-amhscór a fuair sé sa Léitheoireacht ná 7. B'é an séú comhartha cumais an ceann ab airde a shroich sé sa Scríbhneoireacht. Is iad na hoird percintíle a théann leis na hamhscórtha seo ná 56 agus 45 (féach, Tábla 8.5, Caibidil 8). Tá na scórtha seo cóngarach go leor don mheán (50). Is féidir a rá gur éirigh níos fearr le Seán san Éisteacht/Labhairt nó sa Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht.

Feictear i bhFigiúr 3.2 gur éirigh go han-mhaith le Jane Nic C. agus le Pádraig B. ar na próifílí. Mar shampla, b'iad na hoird percentíle a d'aimsigh Jane ná 88 don Éisteacht/Labhairt, 99 don Léitheoireacht agus 99 don Scríbhneoireacht. I gcomparáid leo seo, bhí na scórtha a d'aimsigh Fiona Ní S. lag go leor, go háirithe sa Scríbhneoireacht. B'é an t-amhscór a fuair sí ansin ná 4. Sé an t-ord percintíle a bhaineann leis an amhscór sin ná 16.

Is gá a chur san áireamh go bhfuil *earráid tomhais* ag baint le scórtha ar na Próifílí. Ciallaíonn sé seo go bhfuil réimse nó banda timpeall gach scór ina dtiteann 'fíor scór' an dalta. Mar shampla, má dhéanann an múinteoir cinneadh go bhfuil an séú comhartha cumais sroichte ag dalta in Rang a Dó san Éisteacht/Labhairt, is féidir a rá go bhfuil 'fíor scór' an dalta idir 5 agus 7, 68% den am, agus idir 4 agus 8 95% den am (féach Caibidil 7). Ciallaíonn sé seo go gcaithfear a bheith cúramach nuair a bhíonn úsáid á baint as na scórtha próifíle.

4. COMHARTHAÍ CUMAIS DON ÉISTEACHT/ LABHAIRT

Sa chaibidil seo, tugtar na comharthaí cumais nó táscairí gnóthachtála don Éisteacht/Labhairt ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Naíonáin Shóisearacha

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 15 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

15.	Aithrisíonn an dalta rannta, amhráin nó coda de scéalta atá ar eolas aige/aici, go cruinn soiléir agus le blas maith. (T1 nó T2 sármaith, féach nóta 15 thíos)
14.	Is minic a dhéanann an dalta comhrá líofa Gaeilge le daoine seachas a m(h)úinteoir féin. (Féach nóta 14)
13.	Tugann an dalta cuntas dhá nó trí abairt ar ábhar suime dá c(h)uid, agus freagraíonn sí/sé ceisteanna ar an ábhar sin i nGaeilge nádúrtha den chuid is mó.
12.	Labhraíonn an dalta Gaeilge le páistí eile sa ghrúpa i rith cluichí Matamaitice, Corpoideachais, nó Réamhléitheoireachta, agus úsáideann sí/sé cuid den fhoclóir a bhaineann leis na cluichí sin. (Féach nóta 12)
11.	Déanann an dalta cumarsáid le páistí eile timpeall air/uirthi i nGaeilge uaireanta.
10.	Tá an dalta in ann ceisteanna simplí a chur agus na freagraí a thuiscint.
9.	Tugann an dalta abairt fhoirmleach an-simplí mar 'scéilín' ag am nuachta de ghnáth agus léiríonn sé/sí tuiscint ar cheist nó dhó faoi. (Féach nóta 9)
8.	Roghnaíonn agus tugann an dalta an abairt cheart as péire a thugann an múinteoir mar mhíniú ar scéal nó eachtra atá á phlé. (Féach nóta 8)
7.	Úsáideann an dalta beannachtaí, fógraí agus iarratais shimplí ranga, a chuala sí/sé go minic cheana, i gcomhthéacs ceart. (Féach nóta 7)
6.	Comhlíonann an dalta treoracha an mhúinteora sa cheacht corpoideachais, mar go dtuigeann sí/sé an teanga agus go n-éistean sí/sé go géar.
5.	Aithrisíonn an dalta rannta agus amhráin atá ar eolas mar chuid de ghrúpa.
4.	Tá an dalta ábalta aithris a dhéanamh ar abairt shimplí Ghaeilge. (Féach nóta 4)
3.	Bíonn sé soiléir go mbaineann an dalta taitneamh as scéal a insítear le cabhair ábhar corpartha agus neart geáitsí.
2.	Úsáideann an dalta lipéid Ghaeilge in abairtí Béarla. (Féach nóta 2)
1.	Comhlíonann an dalta treoir shimplí, a bhfuil cuid amháin nó dhá chuid inti. (Féach nóta 1)

Nótaí

15. Daltaí gurb í an Ghaeilge a gcéad teanga (T1) nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu (T2) an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
14. Le múinteoirí eile, páistí sinsearacha, cuairteoirí srl.
12. Cluichí atá foghlamtha acu agus a bhfuil seantaithí acu orthu.
9. Abairt fhoirmleach m.sh. 'Rinne mé ...', 'Tá ...nua agam', 'Tá /Bhí mé ag déanamh....'. Léiríonn tuiscint, m.sh. freagraíonn le focal Gaeilge, comhartha coirp, nó i mBéarla.
8. m.sh. 'An bhfuil sé sa bhailé nó san ospidéal?'
7. m.sh. 'Dia duit!', 'Is le ...é', 'Tá sé in am lóin', 'Féach céard a rinne mé'
4. m.sh. príomhphointe scéilín an pháiste, aistriú d'ó/di ag an múinteoir, nó abairt a dhéanann freastal ar riachtanas eile de chuid an pháiste.
2. m.sh. 'Our bord has no bosca criáin.'
1. m.sh. 'Faigh píosa páipéir d'Eoin' nó 'Dún do bhosca lóin agus cuir i do mhála é'.

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Naíonáin Shinsearacha

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 13 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

13.	Bíonn sruth cainte breá blasta le cloisteáil go minic ón dalta seo, ar ábhair chainte nár ullmhaíodh leis/léi roimh ré. (T1 nó T2 sármhaith, féach nóta 13 thíos)
12.	Labhraíonn an dalta go líofa nádúrtha le héinne a labhraíonn Gaeilge leis/léi.
11.	Déanann an dalta rólghlacadh ar ábhar atá múinte sa rang, agus sruth maith cainte aige/aici atá saor ó bhotúin bhunúsacha. (Féach nóta 11)
10.	Tugann an dalta tuairisc líofa ar ábhar suime dá chuid, eachtraí, pleananna, srl., agus freagraíonn sé/sí ceisteanna oscailte fúthu. (Féach nóta 10)
9.	Is féidir leis an dalta príomheachtraí scéil nó fístéipe a insint san ord ceart agus baineann sé/sí feidhm as cuid den fhoclóir nua chuige sin.
8.	Labhraíonn an dalta Gaeilge le páistí eile sa ghrúpa i rith cluichí Matamaitice, Corpoideachais, nó Léitheoireachta, agus úsáideann sí/sé roinnt mhaith den fhoclóir a bhaineann leis na cluichí sin. (Féach nóta 8)
7.	Is i nGaeilge a dhéanann an dalta cumarsáid le páistí eile sa rang roinnt mhaith den am. (Féach nóta 7)
6.	Is féidir leis an dalta rainn, amhráin nó scéalta atá ar eolas aige /aici a aithris agus a fhuaimniú go cruinn, mar aon le roinnt geáitsíochta.
5.	Is féidir leis an dalta ‘scéilíní nuachta’ a insint go líofa in abairtí foirmleacha, cé go mbíonn botúin agus Béarla san insint.
4.	Cuireann an dalta ceisteanna, déanann tagairtí nádúrtha cumarsáideacha agus iarrann rudaí a theastaíonn uaidh/uaihi, i nGaeilge atá réasúnta cruinn.
3.	Tuigeann an dalta gur ag magadh/ag spraoi a bhíonn an múinteoir ó am go ham, agus baineann taitneamh as sin.
2.	Bíonn an dalta airdeallach agus rannpháirteach i rith cluichí éisteachta ar téip nó a leithéid agus léiríonn sí/sé tuiscint ar an gcuid is mó de na treoracha a ghabhann leis. (Féach nóta 2)
1.	Bíonn an dalta airdeallach agus rannpháirteach nuair a insíonn an múinteoir scéal a bhfuil réimse spreagúil oiriúnach teanga ag baint leis. (Féach nóta 1)

Nótaí

13. Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
11. Rólghlacadh/ saorchomhrá cruthaitheach m.sh. seó puipéad, comhrá teileafóin nó comhthéacs oiriúnach eile. Saor ó bhotúin bhunúsacha, .i. botúin a cuireadh ar a súile do na daltaí agus a ceartaíodh go minic, m.sh. ‘mo Mamaí’ in áit ‘mo Mhamaí’, nó ‘ag mise’ in áit ‘agamsa’ srl.
10. Ceisteanna oscailte, m.sh., ‘Cad a tharla ansin?’
8. Cluichí a d’fhoghlaim siad agus a bhfuil seantaithí acu orthu
7. Le linn gnáth-ghníomhaíochtaí ranga /scoile
2. Clúdaíonn an dalta an pictiúr ceart nó meaitseálann sí/sé cinn chosúla chun a t(h)uiscint a léiriú.
1. Rannpháirteach; léiríonn sí/sé é seo le ceisteanna, tagairtí, geáitsí agus a leithéidí

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Rang a hAon

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

11.	Bíonn sruth cainte breá blasta ag an dalta seo agus é/í ag cur síos ar ábhar suime dá c(h)uid. (T1 nó T2 sármhaith, féach nóta 11 thíos)
10.	Tugann an dalta cuntas líofa ar ábhar suime dá c(h)uid, eachtraí, pleananna, srl. agus baineann sí/sé úsáid as réimse maith foclóra saor ó bhotúin bhunúsacha chuige sin. (Féach nóta 10)
9.	Déanann an dalta rólghlacadh ar ábhar atá múinte, agus Gaeilge chruinn le réimse oiriúnach foclóra in úsáid aige/aici. (Féach nóta 9)
8.	Baineann an dalta feidhm oiriúnach as cuid de shainfhoclóir na Matamaitice, na hEalaíne, an Eolais Imshaoil agus an Chorpoideachais.
7.	Déanann an dalta cumarsáid le páistí eile sa rang i nGaeilge de ghnáth. (Féach nóta 7)
6.	Insíonn an dalta ‘scéilíní’ nuachta in abairtí foirmleacha saor ó bhotúin bhunúsacha, agus freagraíonn sé/sí ceisteanna orthu go sásúil. (Féach nóta 6)
5.	Léiríonn an dalta tuiscint mhaith ar scéalta tré rannpháirtíocht agus tagairtí, agus bíonn tuairimí aige/aici faoin gcéad chéim eile sa scéal. (Féach nóta 5)
4.	Tá an dalta in ann réimse rann, amhrán agus scéalta a aithris go cruinn, le tuiscint agus leis an bhfoghraíocht cheart (ar an iomlán).
3.	Baineann an dalta sult as fíis nó clár ar TG4 atá taitneamhach don aoisghrúpa seo agus bíonn sí/sé in ann roinnt eolais a thabhairt faoi. (Féach nóta 3)
2.	Cuireann an dalta í/é féin in iúl gan stró, cé go n-úsáideann sí/sé roinnt struchtúr Béarla agus go ndéanann sí/sé roinnt botún gramadaí.
1.	Tuigeann an dalta an chuid is mó de threoracha agus de theachtaireachtaí an ranga agus cuireann sí/sé ceist má tá soiléiriú ag teastáil.

Nótaí

11. Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
10. Saor ó bhotúin bhunúsacha, .i. botúin a cuireadh ar a súile do na daltaí agus a ceartaíodh go minic, m.sh. ‘cuaigh’ in áit ‘chuaigh’, ‘an-mór’ in áit ‘an-mhór’, nó ‘mo cóta’ in áit ‘mo chóta’.
9. Rólghlacadh nó saorchomhrá cruthaitheach m.sh. seó puipéad, comhrá teileafóin, tús agallaimh tugtha agus leanacht ar aghaidh leis, nó comhthéacs oiriúnach eile; Gaeilge chruinn, seachas corrbhotún.
7. Le linn gnáthghníomhaíochtaí ranga /scoile
6. Abairt fhoirmleach: ‘Rinne mé . . .’ ‘Chuaigh mé go dtí an . . .’ ‘Ag an deireadh. . . .’; Saor ó bhotúin: Féach fonóta a 10 thuas.
5. Scéalta suimiúla a bhfuil réimse leathan foclóra iontu, atá oiriúnach do rang a 1; léann an múinteoir dóibh iad.
3. Físeanna mar ‘Muzzy’, ‘Bouli’, ‘Tricí agus Traic’, cláracha TG4 mar ‘Power Rangers sa Spás’, agus ‘Teletubbies’

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Rang a Dó

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

11.	Bíonn sruth breá blasta chomh maith le saibhreas foclóra ag an dalta seo agus é/í ag cur síos ar ábhar suime dá c(h)uid. (T1 nó T2 sármaith, féach nóta 11 thíos)
10.	Déanann an dalta rólghlacadh ar ábhar atá múinte, i nGaeilge líofa chruinn, agus baineann úsáid as réimse maith foclóra chuige sin. (Féach nóta 10)
9.	Insíonn an dalta 'scéilíní' nuachta agus freagraíonn ceisteanna oscailte orthu, ag baint úsáid as réimse oiriúnach foclóra agus struchtúir chruinne. (Féach nóta 9)
8.	Tugann an dalta cuntas ar scéal, ar chlár teilifíse nó ar leabhar, agus bíonn sí/sé in ann na príomheachtraí ann a phlé.
7.	Bíonn an dalta páirteach i gcluichí boird, i ngníomhaíochtaí matamaitice nó ealaíne srl. agus baineann sí/sé feidhm as cuid den sainfhoclóir cuí chuige sin. (Féach nóta 7)
6.	Is féidir leis an dalta réimse amhrán, dánta, scéalta, nó gíotaí as drámaí a aithris go cruinn, leis an bhfoghraíocht cheart (ar an iomlán) agus le roinnt teacht i láthair. (Féach nóta 6)
5.	Cuireann an dalta ceisteanna, agus déanann sí/sé iarratais agus fógraí ranga go soiléir cruinn de ghnáth. (Féach nóta 5)
4.	Freagraíonn an dalta ceisteanna bunaithe ar théacs /ar fhís eolais go líofa agus baineann úsáid as cuid den sainfhoclóir nua chuige sin. (Féach nóta 4)
3.	Is le toil a labhraíonn an dalta Gaeilge le pobal na scoile uile. (Féach nóta 3)
2.	Cuireann an dalta í/é féin in iúl go héasca, ach úsáideann foclóir teoranta, le roinnt idirtheanga agus botún gramadaí, ar féidir leis/léi féin iad a cheartú go minic.
1.	Imríonn an dalta réimse cluichí teanga ar nós 'Feicim le mo shúilín' mar bhall de ghrúpa beag.

Nótaí

11. Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
10. Rólghlacadh m.sh. seó puipeád, comhrá teileafóin, tús scéil tugtha agus leanacht ar aghaidh leis, nó comhthéacs oiriúnach eile. Gaeilge líofa chruinn, seachas corrbhotún.
9. Ceisteanna oscailte ar nós 'Conas a tharla sin?' nó 'Cén saghas áite í sin?'
7. Gníomhaíochtaí nó cluichí matamaitice, corpoideachais, ealaíne srl. Sainfhoclóir .i. foclóir a múineadh agus a cleachtaíodh go minic m.sh. 'Caith an díse', 'Cén scór atá agatsa?', 'Do shealsa anois'
6. Le teacht i láthair, .i. ar bhealach a oireann don lucht éisteachta.
5. Bíonn deacracht fós le foirm cheisteach na mbriathra neamhrialta agus le habairtí ar nós 'Bhfuil cead agam...', agus an t-ainm briathartha, ach bíonn an páiste in ann í /é féin a cheartú.
4. Fís/téacs eolais m.sh. dúlra nó eolaíocht, agus tar éis roinnt ceachtanna ina bhfuair na páistí deis an foclóir nua a dhaingniú agus a shealbhú.
3. Le linn gnáthghníomhaíochtaí ranga /scoile, le páistí a ranga féin, le ranganna eile, agus le daoine fásta a bhfuil Gaeilge acu.

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Rang a Trí

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlionta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

11.	Is le sruth breá líofa a dhéanann an dalta seo cur síos ciallmhar ar thopaic atá á phlé sa rang, m.sh. scéal staire, dúlra srl. (T1 nó T2 sármaith, féach nóta 11 thíos).
10.	Is i nGaeilge líofa mhaith a dhéanann an dalta rólghlacadh i rólanna éagsúla bunaithe ar théamaí comhrá ranga.
9.	Déanann an dalta cur síos líofa ar théacs/ar fhís eolais atá pléite sa rang, agus baineann sí/sé úsáid as cuid den sainfhoclóir nua chuige sin.
8.	Tugann an dalta cuntas soiléir ar eachtra nó ar ábhar suime dá chuid, agus freagraíonn ceisteanna faoi, ag tabhairt mioneolais mar is cuí.
7.	Le teoracha soiléire agus sainfhoclóir oiriúnach, cuireann an dalta seo ar chumas daltaí eile gníomhaíocht chorpoideachais, píosa ealaíne srl. a dhéanamh. (Féach nóta 7)
6.	Tá an dalta in ann príomheachtraí scéil a phiocadh amach agus an scéal a athinsint go simplí ina f(h)ocail féin. (Féach nóta 6)
5.	I gcomhthéacs an cheachta comhrá, déanann an dalta cur síos sásúil ar ar tharla, ar a dtarlaíonn, agus ar a dtarlóidh.
4.	Tugann an dalta teachtaireacht chruinn, freagraíonn ceisteanna faoi más gá, agus tugann freagra soiléir ar ais.
3.	Tar éis cleachtadh a dhéanamh air sa rang, tig leis an dalta aithris chruinn bhlasta a dhéanamh ar mhúnlaí nua agus ar ghíotaí as drámaí, amhráin srl.
2.	Cuireann an dalta í/é féin in iúl, ach úsáideann sí/sé foclóir teoranta, le roinnt idirtheanga agus botúin ghramadaí ar féidir leis/léi a cheartú go minic.
1.	Imríonn an dalta cluichí teanga ar nós 'Cé mé féin?' nó 'Fiche ceist' mar bhall de ghrúpa

Nótaí

11. Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
7. Is tar éis treoir agus an sainfhoclóir dá leithéid a chloisteáil go rialta a bheadh daltaí T2 in ann an comhartha cumais seo a chomhlíonadh .
6. Scéal atá oiriúnach don rangleibhéal seo, agus athinsint shimplí sothuigte ainneoin botún gramadaí srl. atá i gceist

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Rang a Ceathair

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad..

11.	Léiríonn an dalta seo tuiscint mhaith ina chur síos ar thopaic atá á phlé sa rang, m.sh. topaic staire, dúlra, tíreolaíochta srl., agus úsáideann sruth breá líofa chuige sin. (T1 nó T2 sármaith, féach nóta 11 thíos)
10.	Déanann sé/sí rólghlacadh bunaithe ar théamaí comhrá ranga i nGaeilge líofa chruinn. (Féach nóta 10)
9.	Formhór an ama cuireann an dalta an ghramadach atá múinte agus cleachtaithe go minic i bhfeidhm ina chur síos ar ábhar suime dá c(h)uid.
8.	I gcomhthéacs an cheachta comhrá, úsáideann an dalta réimse briathar mar is cuí agus é/í ag cur síos ar ar tharla, ar a dtarlaíonn, agus ar a dtarlóidh .
7.	Tig leis an dalta cuntas gairid raidió/teilifíse ar ábhar a bhfuil suim ag an aoisghrúpa seo ann a thuiscint, agus ceisteanna simplí faoi a fhreagairt. (Féach nóta 7)
6.	Tar éis iad a chleachtadh sa rang, déanann an dalta aithris chruinn bhlasta ar rabhlóga, tomhaiseanna, seanamhráin, seanfhocail, tréanna srl.
5.	Léiríonn an dalta tuairimí faoi na cláracha teilifíse Gaeilge a thaitníonn leis/léi. (Féach nóta 5)
4.	Is féidir leis an dalta topaic shuimiúil a phlé mar bhall de ghrúpa, agus meas a bheith aige/aici ar thuairimí daltaí eile faoin ábhar.
3.	Tá an dalta in ann aistriúchán sásúil a dhéanamh ar theachtaireacht nó ar phíosa eolais i mBéarla mar is gá.
2.	Tá ar chumas an dalta pé rud atá idir lámha aige/aici a phlé go líofa. (Féach nóta 2).
1.	Imríonn an dalta cluichí ar nós 'Líostú' nó forlíonadh pictiúir ó threoracha a thugtar, mar bhall de ghrúpa.

Nótaí

11. Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
10. m.sh. bíonn fadhb le fuascailt, agus bíonn a ról féin ag gach ball de ghrúpa triúir nó ceathair i réiteach na faidhbe.
7. Do dhaltaí T1: Cláracha ar TG4 nó ar R.na G., sa chanúint is oiriúnaí dóibh.
Do dhaltaí T2: Cláracha i nGaeilge chaighdeánach ar Raidió 1, ar TG4, nó ar R na G, ar luas sothuigthe, sa chanúint is oiriúnaí dóibh.
5. Is mór an chabhair giotáí taifeadta de na cláracha seo a úsáid sa rang.
2. Go líofa, in ainneoin roinnt idirtheanga agus botún gramadaí ar féidir leis/léi féin iad a cheartú go minic.

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Rang a Cúig

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Glacann an dalta páirt ghníomhach i ndíospóireacht nó i bplé grúpa ar ábhar suime nó ar thionscadal agus baineann sé/sí úsáid as sruth breá líofa chuige sin. (T1 nó T2 sármaith, féach nóta 10 thíos)
9.	Déanann an dalta rólghlacadh mar bhall de ghrúpa chun fadhb bunaithe ar ábhar comhrá a réiteach, i nGaeilge líofa chruinn agus le réimse maith foclóra.
8.	Tá an dalta in ann aimsirí éagsúla na mbriathra a úsáid i gceart agus is léir go bhfuil an ghramadach eile atá cleachtaithe go minic sa rang sealbhaithe aige/aici.
7.	Déanann an dalta aistriúchán simplí sásúil ó bhéal ar ghiota Béarla ó leabhar tagartha nó ón idirlíon .
6.	Tig leis an dalta cuntas gairid raidió/teilifíse ar ábhar a bhfuil suim ag an aoisghrúpa seo ann a thuiscint, agus príomhfhíricí an ábhair a athinsint. (Féach nóta 6)
5.	Éiríonn leis an dalta réimse filíochta, rabhlóga, giotáí as scéalta béaloidis nó drámaí atá foghlamtha a aithris go cruinn, leis an bhfoghraíocht cheart agus le cur i láthair muiníneach soiléir.
4.	Is féidir leis an dalta topaic shuimiúil a phlé mar bhall de ghrúpa, agus éisteacht le meas le tuairimí daltaí eile faoin ábhar, agus cuntas gairid a thabhairt ar an réimse tuairimí a nochtadh faoin topaic.
3.	Glacann an dalta páirt i bplé grúpa ar na cláracha teilifíse Gaeilge a thaitníonn leis an aoisghrúpa seo, agus leathnaíonn sé/sí ar an eolas faoin ábhar mar a oireann. (Féach nóta 3)
2.	Cuireann an dalta í/é féin in iúl go muiníneach in ainneoin roinnt idirtheanga agus botún gramadaí ar féidir léi/leis féin iad a cheartú le nod.
1.	Glacann sé /sí páirt i gcluichí grúpa ar nós tráth na gceist nó cluichí foclóra.

Nótaí

10. Páistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
6. Do dhaltaí T1: Cláracha ar TG4 nó ar R.na G., sa chanúint is oiriúnaí dóibh
Do dhaltaí T2: Cláracha i nGaeilge chaighdeánach ar Raidió 1, ar TG4 nó ar R na G, ar luas sothuigthe, sa chanúint is oiriúnaí dóibh.
3. Is mór an chabhair giotáí taifeadta de na cláracha seo a úsáid sa rang.

Comharthaí Cumais don Éisteacht/Labhairt: Rang a Sé

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

11.	Glacann an dalta páirt ghníomhach i ndíospóireacht nó i bplé grúpa ar ábhar nuachta/chúrsaí reatha agus baineann úsáid as sruth breá líofa chuige sin. (T1 nó T2 sármaith, féach nóta 11 thíos).
10.	Tá ar chumas an dalta cuntas a thabhairt ar thopaic atá faoi staidéar, i nGaeilge chruinn shoiléir, ag baint úsáide as sainfhoclóir oiriúnach. (Féach nóta 10)
9.	Tig leis an dalta cuntas gairid raidió/teilifíse ar ábhar ina gcuireann an aoisgrúpa seo suim a thuiscint i gcanúint ó cheantar eile, agus príomhfhíricí an ábhair a athinsint. (Féach nóta 9)
8.	Bíonn sruth breá Gaeilge agus cruinneas cainte ag an dalta nuair a dhéanann sé/sí rólghlacadh mar bhall de ghrúpa chun topaic bunaithe ar a s(h)aol féin a phlé. (Féach nóta 8)
7.	Déanann an dalta seo aistriúchán simplí ó bhéal ar ghiota Béarla ó leabhar tagartha nó ón idirlíon, tar éis an aistriúcháin chuí ar théarmaíocht a sheiceáil.
6.	Tá an dalta in ann claoninsint a úsáid nuair is gá agus go hiondúil bíonn ar a c(h)umas comhréir lochtach a cheartú.
5.	Is féidir leis an dalta agallaimh bheirte, lúibíní, giotáí as drámaí agus amhráin atá foghlamtha, a aithris go cruinn, leis an bhfoghraíocht cheart agus le cur i láthair muiníneach soiléir.
4.	Is féidir leis an dalta topaic shuimiúil a phlé mar bhall de ghrúpa, tuairimí páistí eile faoin ábhar a lorg, agus aiseolas a thabhairt faoin bplé a déanadh.
3.	Le teoracha soiléire agus roinnt den sainfhoclóir cuí, cuireann an dalta ar chumas páiste eile píosa oibre nó gníomhaíocht atá cailte aige/aici a chur i gcrích.
2.	Baineann an dalta taitneamh as cluiche táiplise, fichille, cártaí nó a leithéid mar bhall de ghrúpa agus úsáideann roinnt den sainfhoclóir cuí. (Féach nóta 2)
1.	Déanann an dalta seo an gnáthchumarsáid ranga go líofa soiléir, in ainneoin roinnt idirthearna agus botún gramadaí ar féidir léi/leis féin iad a cheartú.

Nótaí

11. Páistí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga, nó daltaí sárchumasacha arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, an t-aon dream óna mbeifeá ag súil leis an gcomhartha cumais seo.
10. Cuntas ar thrialacha eolaíochta, tionscadail ealaíne, tionscadail staire agus a leithéid.
9. Clár ar TG4 nó R na G do dhaltáí T1, nó clár ar Raidió 1, ar TG4, nó R na G ar luas oiriúnach do dhaltáí T2.
8. Bheadh an foclóir agus na struchtúir don topaic seo múinte roimh ré mar chuid den Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte.
2. Bheadh an foclóir agus na struchtúir do na cluichí atá i gceist múinte roimh ré.

5. COMHARHAÍ CUMAIS DON RÉAMH- LÉITHEOIREACHT/LÉITHEOIREACHT

Sa chaibidil seo, tugtar na comharthaí cumais nó táscairí gnóthachtála don Léitheoireacht ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

Comharthaí Cumais don Réamhléitheoireacht: Naíonáin Shóisearacha

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad

11.	Léann an dalta téacs ranga oiriúnach le tuiscint, agus tá ar a c(h)umas an scéal a mhíniú.
10.	Tuigeann an dalta téarmaíocht na léitheoireachta m.sh. 'litir', 'focal', 'líne'.
9.	Tá an dalta in ann stór focal, réimse ainm (cc.8) agus gníomhartha ar nós 'ag rith', 'ag léim', 'ag ithe', 'ag ól' a aithint, agus í/é ullamh le tosnú ar a leabhar féin nó bunléitheoir ina bhfuil an foclóir sin. (Féach nóta 9 thíos)
8.	Aithníonn an dalta go radharcach focail ar nós 'Mamaí', 'Daidí', 'mise', agus ainmneacha na bpríomhcharachtar sa réamhléitheoir. (Féach nóta 8)
7.	Aithníonn an dalta túsphuaim roinnt focal agus ainmneacha coitianta ón siombal scríofa agus is féidir leis/léi sampla nó dhó a thabhairt d'fhocail leis an túsphuaim chéanna.
6.	Léann sé/sí lipéid focail amháin nó dhá fhocal sa seomra ranga agus is féidir leis/léi iad a aithint i gcomhthéacsanna eile.
5.	Tá dóthain tuisceana ar an nGaeilge ag an dalta chun éisteacht le scéal simplí á insint ag an múinteoir agus bheith rannpháirteach ann, le hathrá agus ar bhealaí eile.
4.	Aithníonn an daltaí a (h)ainm scríofa féin.
3.	Is féidir leis an dalta sraith pictiúr (4/5 cinn) a chur in ord an scéil a léiríonn siad, agus insíonn sí/sé cad a tharla. (Féach nóta 3)
2.	Sórtálann an dalta sraith chártaí/ábhar corpartha de réir saghas, crutha nó grúpa simplí eile seachas dath, agus míníonn sé/sí an difríocht idir na grúpaí. (Féach nóta 2)
1.	Is féidir leis an dalta míreanna mearaí simplí (c. 12 phíosa) a chur le chéile gan chabhair, agus an scéal a léirítear a mhíniú go han-simplí. (Féach nóta 1)

Má tá an comhartha cumais is airde thuas sroichte ag an dalta cheana féin, is féidir é/í a mheas ar an dá chomhartha cumais seo agus an ceann is airde sroichte aige/aici faoi dhó ar a laghad a chlárú.

13.	Déanann an dalta iarracht mhaith leabhar leabharlainne don rangleibheal seo a léamh go neamhspleách, agus freagraíonn sé/sí cúpla ceist faoi. (Féach nóta 13)
12.	Baineann an dalta úsáid as a t(h)aisce focal chun abairtí an-simplí a chumadh agus a léamh. (Féach nóta 12)

Nótaí

13. leabhair leabharlainne ar nós 'Cá bhfuil Bran?' agus cinn eile sa sraith sin.
 12. Abairtí an-simplí ar nós 'Seo í Mamaí', 'Tá Daidí ag ithe', 'Tá an cat ag rith'.
 9, 8 Focail atá cleachtaithe go rialta ar luaschártaí i gcomhthéacs scéalta simplí atá i gceist.
 3,2,1 Míniú i nGaeilge nó i mBéarla

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Naíonáin Shinsearacha

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 12 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad

12.	Déanann an dalta iarracht an-mhaith leabhair leabharlainne don rangleibhéal seo a léamh, agus tugann sí/sé míniú sásúil ar an scéal. (Féach nóta 12 thíos)
11.	Léann an dalta an gnáththéacs ranga le tuiscint gan ullmhú ranga roimhré.
10.	Tá ar chumas an dalta 'Nuacht' an ranga a léamh go muiníneach.
9.	Baineann an dalta úsáid as leideanna éagsúla ar nós foghair, focail atá cosúil lena chéile agus comhthéacs chun focail úra a léamh.
8.	Aithníonn an dalta (fuaim agus ainm) formhór na gconsan agus cuid de na gutaí ón siombal scríofa agus tá ar a chumas sampla nó dhó a thabhairt a thosaíonn leis an bhfuaim chéanna.
7.	Tuigeann an dalta foclóir na léitheoireachta m.sh. 'focal', 'abairt', 'leathanach'.
6.	Léann an dalta téacs ranga go muiníneach, le líofacht agus le tuiscint, tar éis roinnt ullmhúcháin.
5.	Tá ar chumas an dalta taifeadadh de scéal simplí a leanúint sa leabhar.
4.	Tá an dalta in ann réimse cluichí réamhléitheoireachta a imirt mar bhall de ghrúpa. (Féach nóta 4)
3.	Aithníonn an dalta a ainm scríofa féin agus ainmneacha roinnt dá chlann féin agus dá chairde ranga óna lipéid bhoird.
2.	Is féidir leis an dalta míreanna mearaí (c 30 píosa) a chur le chéile gan stró agus an scéal a léirítear a mhíniú go sásúil.
1.	Tá an dalta in ann an scéal i leabhair phictiúrtha a insint go líofa simplí i nGaeilge don chuid is mó.

Nótaí

12. Leabhair ar nós 'An Cat Beag Buí' srl. le Mairéad Ní Ghráda, 'Na Trí Muicíní' srl. le Treasa Ní Ailpín nó 'Mo Leabhairín Dearg' srl. ón sraith 'Dathanna' le Treasa Ní Ailpín agus Béibhinn Ó Meadhra, chomh maith le sraitheanna léitheoirí atá ar chomhchaighdeán le téacs an ranga. (Níl sa liosta seo ach treoir shimplí, mar a bhí á lorg ag múinteoirí i rith an taighde. Tá obair ar siúl faoi láthair a thabharfaidh treoir chuimsitheach do mhúinteoirí faoi ghrádú leabhair Ghaeilge amach anseo).
4. m.sh. cluiche meaitseála nó dúradáin nó biongó focal

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Rang a hAon

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Roghnaíonn an dalta leabhar leabharlainne le léamh uaireanta agus baineann taitneamh as. Labhraíonn sé/sí faoi go fonnmhar. (Féach nóta 10 thíos)
9.	Tá an dalta in ann dánta agus giotáí as scéalta a léamh don ghrúpa le frású nádúrtha soiléir. (Féach nóta 9)
8.	Léann an dalta coda den téacs Matamaitice ar bhealach sásúil cé go mbíonn beagán treorach uaidh/nó uaithe.
7.	De ghnáth aithníonn an dalta gutaí fada agus gutaí gearra agus na cnuaschonsain agus na consain shéimhithe is coitianta i bhfocail nua. (Féach nóta 7)
6.	Imríonn an dalta cluichí ar an ríomhaire ina mbíonn roinnt léitheoireachta i gceist. (Féach nóta 6)
5.	Cuireann an dalta comharthaí poncaíochta san áireamh (mar áis tuisceana) ina léitheoireacht.
4.	Aithníonn an dalta formhór de fhoclóir balla an ranga .i. laethanta na seachtaine, an aimsir, liostaí foclóra agus lipéid ranga.
3.	Glacann sí/sé páirt i gcluichí focal ar nós aithint focal beaga i bhfocail mhóra agus focail a dhéanann rím lena chéile. (Féach nóta 3)
2.	Tugann an dalta freagraí ar cheisteanna bunaithe ar an dtéacs ranga le linn ceacht léitheoireachta a léiríonn tuiscint ar a bhfuil á léamh.
1.	Tá an dalta in ann nuacht ranga a léamh le tuiscint.

Nótaí

10. Leabhair ar nós 'Ruairí agus Úna ag an Ollmhargadh' srl. le Treasa Ní Ailpín, 'An Chuil Ghorm' le Irene Ní Mhuireagáin, 'Nuair a bhíonn Eithne Dána' srl. le Gunilla Wolde, sraith 'Muintir na Móna' le Gabriel Rosenstock, 'Sraith na Gréine' foillsithe ag an nGúm i gcomhar le Muintearas na nOileán chomh maith le sraitheanna léitheoirí atá ar chomhchaighdeán le téacs an ranga. (Níl sa liosta seo ach treoir shimplí, mar a bhí á lorg ag múinteoirí i rith an taighde. Tá obair ar siúl faoi láthair a thabharfaidh treoir chuimsitheach do mhúinteoirí faoi ghrádú leabhair Ghaeilge amach anseo).
- 9, 6 Ar chaighdeán atá oiriúnach don rangleibhéal seo
7. m.sh. 'snámh', 'trasna', 'bhí' agus 'thug'
3. Focail a dhéanann rím lena chéile ar nós 'bán', 'lán', 'slán'.

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Rang a Dó

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 12 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

12.	Léann an dalta le tuiscint as téacs eolais a léitear sa rang agus glacann sí/sé páirt i bplé grúpa ina léirítear tuairimí faoin ábhar. (Féach nóta 12 thíos)
11.	Is féidir leis an dalta ceisteanna scríofa ar phíosa léitheoireachta a fhreagairt gan réamhphlé orthu. (Féach nóta 11)
10.	Tá ar chumas an dalta taoiléitheoireacht a dhéanamh ar leabhair leabharlainne oiriúnacha ar feadh tréimhse 5-6 nóim. (Féach nóta 10)
9.	Tá sí/sé in ann an téacs matamaitice a léamh. (Féach nóta 9)
8.	Tá ar chumas an dalta eolas a aimsiú ar léaráidí, ar chlár i dtús leabhair, i liostaí, nó i gcláranna teilifíse. (Féach nóta 8)
7.	Déanann sé/sí iarracht mhaith foclóir níos dúshlánaí a aithint tré úsáid a bhaint as scileanna fonaiciúla, comhthéacs, agus briseadh focal ina siollaí.
6.	Is féidir leis an dalta téacsanna, idir scéalta, dánta, paidreacha agus amhráin a déantar sa rang a léamh, le cabhair chuí. (Féach nóta 6)
5.	Tuigeann an dalta téarmaíocht na léitheoireachta, m.sh. ‘comharthaí cainte’, ‘teideal’, ‘údar’.
4.	Tá ar chumas an dalta críoch scéil (atá á léamh ag an rang) a thuar nó réiteach faidhbe ann a phlé.
3.	Is minic a dhéanann an dalta féincheartú tar éis di/dó botún a dhéanamh.
2.	Imríonn an dalta cluichí ar an ríomhaire ina mbíonn roinnt léitheoireachta agus tuiscint maidir le ‘treo’ i gceist. (Féach nóta 2)
1.	Léann an dalta le brí as an léitheoir ranga agus cuireann sé/sí na comharthaí poncaíochta san áireamh de ghnáth. (Féach nóta 1)

Nótaí

- 12, 11, 9, 8, 6, 2 ar chaighdeán atá oiriúnach don rangleibhéal seo.
10. Leabhair ar nós ‘Micilín agus an Dá Leipreachán’ srl. le Mairéad Ní Ghráda, ‘An Chóisir’ le Lyons Doyle / Treasa Ní Ailpín, ‘Pipín, Grágalaí agus Naíonán Mór’ le Margriet Heymens /Eoghan Ó Colla, ‘Micí agus an Rí’ le Gwyneth Wynn nó ‘Ransaí Rábach’ srl. le Angharad Tomos agus Liam Andrews chomh maith le sraitheanna léitheoirí atá ar chomhchaighdeán le téacs an ranga. (Níl sa liosta seo ach treoir shimplí, mar a bhí á lorg ag múinteoirí i rith an taighde. Tá obair ar siúl faoi láthair a thabharfaidh treoir chuimsitheach do mhúinteoirí faoi ghrádú leabhair Ghaeilge amach anseo).
1. Comharthaí poncaíochta .i. lán staid agus camóga.

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Rang a Trí

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Tig leis an dalta eolas a aimsiú agus a léamh i leabhair agus i bhfoinsí eolais atá feiliúnach, agus éiríonn leis/léi cuid den eolas sin a athsint go simplí. (Féach nóta 10 thíos)
9.	Déanann an dalta taoléitheoireacht as leabhair bhreise/leabharlainne (6-10 nóim.) agus bíonn ar a c(h)umas an scéal a phlé.
8.	Léann an dalta go soiléir cruinn, réimse téacsanna oiriúnacha don rangleibhéal seo, scéalta, amhráin, dánta, paidreacha srl.
7.	Tá an dalta in ann focail a aimsiú i bhfoclóir simplí Gaeilge/Béarla agus a mbrí nó a litriú a sheiceáil.
6.	Tar éis an ghnáth ullmhúcháin ranga, aithníonn an dalta an chuid is mó de na consain shéimhithe, na gutaí fada agus na défhoghair ina léitheoireacht ranga/grúpa.
5.	Déanann an dalta féincheartú nuair nach bhfuil ciall leis an rud atá léite aige/aici..
4.	Briseann an dalta focail nua ina siollaí ina (h)iarracht ar iad a aithint, agus de ghnáth éiríonn leis/léi san iarracht.
3.	Tuigeann an dalta téarmaí ar nós 'caibidil', 'teideal', 'alt', 'clár', agus 'réamhrá'.
2.	Ina léitheoireacht os ard, léann an dalta le ciall agus le poncaíocht cheart.
1.	Pléann an dalta an bhaint atá ag na pictiúir leis an téacs, ar bhealach a léiríonn tuiscint ar chomhthéacs an scéil.

Nótaí

10. Cuirfear bogábhar ríomhaireachta agus ciclipéid oiriúnach san áireamh don chomhartha cumais seo nuair a bheidh teacht ar na foinsí breise sin i nGaeilge.

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Rang a Ceathair

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Tig leis an dalta eolas a aimsiú agus a léamh i leabhair agus i bhfoinsí eolais atá feiliúnach, agus éiríonn leis/léi na príomhphointí a athinsint go sásúil. (Féach nóta 10 thíos)
9.	Déanann an dalta léitheoireacht as leabhair bhreise/leabharlainne ar feadh 10+ nóim. agus tá sé/sí in ann príomhphointí an pháosa atá léite a mhíniú .
8.	Tá ar chumas an dalta léirmheas simplí a thabhairt ar scéal atá léite aige/aici, ag tagairt don suíomh, do na carachtair, do na heachtraí, agus don chríoch.
7.	Tá an dalta in ann ceisteanna scríofa ar pháosa oiriúnach léitheoireachta a fhreagairt go ciallmhar gan réamhphlé a bheith déanta orthu.
6.	Baineann an dalta taitneamh as tomhaiseanna, píosaí le nathanna cainte nua iontu agus gíotaí saibhre ceolmhara drámatúla a léann an múinteoir dó/di agus déanann iarracht mhaith iad a léamh dó/di féin.
5.	Tá an dalta in ann úsáid a bhaint as foclóir simplí Gaeilge/Béarla (T2) nó Gaeilge/Gaeilge (T1).
4.	Tá ar chumas an dalta eolas a aimsiú ar mhapaí, i léaráidí, ar chlár i dtús leabhair, in innéacsanna, nó i leabhráin eolais.
3.	Aithníonn an dalta foclóir nua go héasca tré roinnt leideanna ar nós siollabú, aithint fréamhacha, foghair, agus comhthéacs a úsáid go héifeachtúil.
2.	Léann an dalta go líofa soiléir as an léitheoir ranga agus cuireann na comharthaí poncaíochta is coitianta san áireamh. (Féach nóta 2)
1.	Cuireann an dalta scéalta agus téacsanna eolais a léitear sa rang i gcomhthéacs a thaithí agus a réamheolais féin.

Nótaí

10. Cuirfear bogábhar ríomhaireachta agus ciclipéid oiriúnach san áireamh don chomhartha cumais seo nuair a bheid teacht ar na foinsí breise sin i nGaeilge.
2. Téacs ar chaighdeán níos oiriúnaí ná cinn do rang 4 sa ghnáthscoil atá i gceist anseo. Is iad na comharthaí poncaíochta is coitianta atá san áireamh anseo ná lánstadanna, comharthaí cainte agus comharthaí ceiste.

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Rang a Cúig

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 9 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

9.	Déanann an dalta léitheoireacht neamhspleách ar scéalta agus ar leabhair eolais atá oiriúnach don aoisghrúpa seo agus bíonn sé /sí in ann iad a phlé. (Féach nóta 9 thíos)
8.	Tig leis an dalta eolas a aimsiú agus a léamh i leabhair, i nuachtáin, agus i bhfoinsí eolais atá feiliúnach, agus éiríonn leis/léi na príomhphointí a athinsint go sásúil. (Féach nóta 8)
7.	Léann an dalta na téacsanna eolais don OSIE (ach le cabhair oiriúnach le téarmaí agus coincheapa nua) agus tá ar a chumas na príomhphointí a phiocadh amach.
6.	Bíonn ar chumas an dalta léirmheas simplí a thabhairt ar scéal atá léite aige/aici, ag tagairt don suíomh, do na carachtair, do na heachtraí ann, agus do théama agus do chríoch an scéil.
5.	Déanann an dalta iarracht mhaith filíocht, agallaimh bheirte, nó giotáí drámatúla a léamh don rang tar éis treoir shoiléir a fháil ón múinteoir maidir lena gcur i láthair.
4.	Tá an dalta in ann úsáid rialta a bhaint as foclóir Gaeilge/Béarla (T2) nó Gaeilge/Gaeilge (T1) mar chuid den obair ranga.
3.	Tar éis an gnáth ullmhúcháin roimhré, léann an dalta go líofa soiléir as téacs léitheoireachta an ranga agus pléann sé/sí an t-ábhar i gcomhthéacs a t(h)aithí ar an saol. (Féach nóta 3)
2.	Tá ar chumas an dalta teoracha simplí do chluiche nó do phíosa ealaíne, fógraí scoile/áitiúla, agus a leithéid d'ábhar i nGaeilge, a léamh le tuiscint.
1.	Baineann an dalta úsáid as réimse scileanna léitheoireachta agus í/é ag tabhairt faoi ábhar léitheoireachta nua.

Nótaí

9. In ainneoin an ghanntanais leabhar don aoisghrúpa seo, meallann sprioc nó córas duaiseanna na páistí le tabhairt faoin léitheoireacht neamhspleách go rialta.
8. Cuirfear bogábhar ríomhaireachta agus ciclipéid oiriúnach san áireamh don chomhartha cumais seo nuair a bheidh teacht ar na foinsí breise sin i nGaeilge.
3. Téacs ar chaighdeán níos oiriúnaí ná cinn do rang 5 sa ghnáthscoil atá i gceist anseo. Is minic a bhíonn úrscéal oiriúnach mar théacs léitheoireachta ag rang 5 agus 6.

Comharthaí Cumais don Léitheoireacht: Rang a Sé

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 9 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

9.	Déanann an dalta léitheoireacht neamhspleách ar scéalta agus ar leabhair eolais atá oiriúnach don aoisghrúpa seo, agus bíonn sé/sí in ann achoimre shásúil a thabhairt orthu. (Féach nóta 9 thíos)
8.	Tá an dalta go maith ag aimsiú na bpríomhphointí eolais ó leabhair, ó nuachtáin nó ó fhoinsí eile eolais. (Féach nóta 8)
7.	Bíonn ar chumas an dalta léirmheas a thabhairt ar scéal atá léite aige/aici, agus bíonn dearcadh aige /aici maidir leis na carachtair, forbairt an scéil féin agus na léaráidí.
6.	Léann an dalta na téacsanna don OSIE (le cabhair oiriúnach le téarmaí agus le coincheapa nua) agus tá ar a c(h)umas na príomhphointí eolais a phiocadh amach agus a phlé.
5.	Tar éis roinnt treorach agus plé roimh ré, bíonn tuairim mhaith ag an dalta ar conas filíocht, lúibíní, agallaimh bheirte agus giotaí drámatúla a léamh don rang le cur i láthair oiriúnach.
4.	Tá an dalta in ann úsáid éifeachtúil a bhaint as foclóir Gaeilge/Béarla (T2) nó Gaeilge/Gaeilge (T1).
3.	Tar éis an gnáth ullmhúcháin roimh ré, léann an dalta go líofa soiléir as téacs léitheoireachta an ranga agus is féidir léi/leis leaganacha cainte ann a mhíniú agus na smaointe atá ann a phlé. (Féach nóta 3)
2.	Tá ar chumas an dalta treoracha do thriail eolaíochta nó oideas cócaireachta, fógraí scoile/áitiúla, agus a leithéid d'ábhar i nGaeilge, a léamh le tuiscint.
1.	Aimsíonn an dalta téama dáin nó scéil atá á léamh sa rang, agus tá sí/sé in ann é a phlé.

Nótaí

9. In ainneoin an ghanntanais leabhar don aoisghrúpa seo, meallann sprioc nó córas duaiseanna na páistí le tabhairt faoin léitheoireacht neamhspleách go rialta.
8. Cuirfear bogábhar ríomhaireachta agus ciclipéid oiriúnach san áireamh don chomhartha cumais seo nuair a bheidh teacht ar na foinsí breise sin i nGaeilge.
6. OSIE, is é sin Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta.
3. Téacs ar chaighdeán níos oiriúnaí ná cinn do rang 6 sa ghnáthscoil atá i gceist anseo. Is minic a bhíonn úrscéal oiriúnach mar théacs léitheoireachta ag rang 5 agus 6.

6. COMHARTHAÍ CUMAIS DON RÉAMH- SCRÍBHNEOIREACTH/SCRÍBHNEOIREACTH

Sa chaibidil seo, tugtar na comharthaí cumais nó táscairí gnóthachtála don Scríbhneoireacht ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.

Comharthaí Cumais don Réamhscríbhneoireacht Naíonáin Shóisearacha

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Cóipeálann an dalta lipéid an mhúinteora ar a phictiúir féin. (Féach nóta 10 thíos)
9.	Rianaíonn an dalta abairt iomlán ar phoncanna agus míníonn sí/sé cad deir sé.
8.	Déanann an dalta cóip réasúnta maith d'fhormhór bhunlitreacha na haibítire.
7.	Scríobhann an dalta a (h)ainm féin go neamhspleách nó aimsíonn sí/sé na litreacha cearta chun é a scríobh ar an ríomhaire.
6.	Déanann an dalta aithris réasúnta maith ar ghnáth réimse patrún na scríbhneoireachta le peann luaidhe.
5.	Beireann an dalta greim ceart ar an bpeann luaidhe.
4.	Déanann an dalta cóip sho-aitheanta dá (h)ainm féin.
3.	Déanann an dalta aithris réasúnta ar phatrúin le criáin agus scríobhann sé/sí ó chlé trasna de ghnáth.
2.	Tá an dalta in ann daiseanna /poncanna a cheangal chun patrún a dhéanamh nó pictiúr a chríochnú.
1.	Tarraingíonn an dalta pictiúr agus tugann míniú simplí air. (Féach nóta 1)

Má tá an comhartha cumais is airde sroichte ag dalta T1 nó dalta T2 sármhaith cheana féin, is féidir é/í a mheas ar an dá chomhartha cumais seo agus an ceann is airde sroichte aige/aici faoi dhó ar a laghad a chlárú.

12.	Scríobhann an dalta dhá abairt nó níos mó a bhfuil leanúnachas brí eatarthu agus atá soléite.
11.	Baineann an dalta úsáid as focail nó lipéid sa rang chun ráitis a scríobh.

Nótaí

10. Lipéid de dhá fhocal, nó trí m.sh. 'Seo madra', 'Seo mo theach' nó ainm deirféar/dearthár nó carad.
1. Míniú i nGaeilge nó i mBéarla

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Naíonáin Shinsearacha

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 12 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

12.	Tá an dalta in ann 2/3 abairt shimplí a scríobh as a stuaim féin. (Féach nóta 12 thíos)
11.	Tugann sé/sí faoi fhocail nua a litriú de réir fuaime uaireanta.
10.	Scríobhann an dalta roinnt focal coitianta go cruinn as a stuaim féin. (Féach nóta 10)
9.	Tá an dalta in ann abairtí a scríobh ag baint úsáide as a thaisce focal féin, agus léiríonn sí/sé iad le pictiúir chúí.
8.	Tuigeann an dalta na téarmaí 'litir', 'focal', 'abairt', 'ceannlitir', 'lánstad' agus 'spás'.
7.	Tá an dalta in ann 3 nó 4 abairt nuachta a chóipeáil i gceart, agus pictiúr oiriúnach a chur leo.
6.	Tá an dalta in ann mórchuid de na litreacha a scríobh go cruinn agus tosaíonn sí/sé na litreacha san áit cheart. (Féach nóta 6)
5.	Is féidir leis an dalta réimse lipéad aonfhocail a chóipeáil le peann luaidhe nó ar an ríomhaire chun iad a chur le pictiúir chúí. (Féach nóta 5)
4.	Tá an dalta in ann abairt mar gheall ar a p(h)ictiúir a dheachtú don mhúinteoir agus an abairt a chóipeáil ansin.
3.	Tá ar chumas an dalta patrúin bunaithe ar línte atá díreach, fiar, cuar, cothrománach, ingearach, nó ciorclach a chóipeáil ar chaighdeán atá sásúil don rangleibhéal seo.
2.	Tá ar chumas an dalta cruthanna agus pictiúir a dhathú go néata ag baint úsáide as réimse dathanna.
1.	Léiríonn an dalta a scéalta féin, nó scéalta a insíonn an múinteoir, i bpictiúir, ina gcuireann an dalta roinnt sonraí chúí.

Nótaí

12. Cé go mbeidh roinnt earráidí sa litriú agus sa phoncaíocht
10. m.sh. 'Seo', 'mise', 'Mamaí', 'Tá.....agam'
6. san áit cheart,.i. go dtosaítear formhór na litreacha ag an mbarr
5. m.sh. 'cat', 'madra', 'carr', 'teach'

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Rang a hAon

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 12 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

12.	Tá ar chumas an dalta scéal gairid a scríobh as a stuaim féin, scéal atá soléite in ainneoin roinnt earráidí sa litriú agus sa phoncaíocht.
11.	Scríobhann an dalta sraith 4/5 abairt le poncaíocht shásúil, bunaithe ar ábhar réamhullmhaithe. (Féach nóta 11 thíos)
10.	Tá an dalta in ann leagan simplí de scéal a insíodh (nó fis a chonaic sí/sé) sa rang a scríobh le cabhair oiriúnach. (Féach nóta 10)
9.	Scríobhann an dalta réimse focal coitianta don rangleibhéal seo as a stuaim féin agus tugann faoi fhocail nua a litriú de réir fuaime.
8.	Agus ullmhú ranga déanta, bíonn ar chumas an dalta 4/5 cheist shimplí ar an léitheoireacht nó ar an gcomhrá foirmiúil a fhreagairt i scríbhinn.
7.	Tá an dalta in ann a ainm agus a shloinne féin a scríobh de lámh nó ar an ríomhaire.
6.	Tá an dalta in ann sraith pictiúr a tharraingt agus abairtí simplí a chur leo, bunaithe ar théama comhrá atá pléite go maith sa rang agus ar fhoclóir cabhrach a thugann an múinteoir.
5.	Tá an dalta in ann nuacht ranga a chóipeáil go cruinn agus dhá nó trí abairt shimplí dá c(h)uid féin a chur leis.
4.	Tá ar chumas an dalta 3 nó 4 abairt atá in ord fánach a scríobh san ord ceart.
3.	Déanann an dalta cárta breithlae, cárta Nollag nó cárta d'ócáid eile tré rogha a bhaint as réimse foclóra agus beannachtaí simplí.
2.	Tá an dalta in ann an focal cuí a roghnú as liosta focal chun bearna a líonadh.
1.	Scríobhann an dalta formhór na mbunlitreacha agus na gceannlitreacha go néata soiléir.

Nótaí

11. Poncaíocht shásúil, .i. go mbeadh ceannlitir ag tús abairte agus lánstad ag deireadh na habairte, i bhformhór na n-abairtí.
10. M.sh. foclóir úsáideach ar an gclár dubh agus roinnt treorach aonair.

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Rang a Dó

Tosaigh ag barr an liosta comharthaí cumais (comhartha 11 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá sroichte ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

11.	Tar éis moltaí maidir le leasuithe agus ceartúcháin san obair scríofa a fháil ón múinteoir, cuireann an dalta a bhformhór i bhfeidhm san athscríobh.
10.	Bíonn téacsanna níos faide ná mar a bheifeá ag súil leis á scríobh go líofa ag an dalta.
9.	Bíonn caighdeán sásúil cruinnis don rangleibhéal seo ag an dalta agus seachnaíonn sí /sé formhór na mbotún a ceartaíodh go minic sa rang.
8.	Tugann an dalta faoi fhocail dheacra a scríobh tré siollabú agus foghair nó focail atá ar eolas a úsáid.
7.	Bíonn roinnt struchtúr bunúsach soiléir i scéalta an dalta. (Féach nóta 7 thíos)
6.	Is gnách leis an dalta úsáid cheart a bhaint as ceannlitreacha agus as lánstadanna ina (h)obair lámhscríofa agus ina (h)obair ar an ríomhaire.
5.	Tá an dalta in ann cuntas gairid bunaithe ar a t(h)aithí féin a scríobh le beagáinín cabhrach. (Féach nóta 5)
4.	Bíonn ar chumas an dalta ceisteanna simplí ar théacs a fhreagairt i scríbhinn in abairtí iomlána a léiríonn tuiscint ar an ábhar.
3.	Tá an dalta in ann cleachtaí peannaireachta a dhéanamh go néata soiléir ar chaighdeán atá oiriúnach don rangleibhéal seo.
2.	Coimeádann sí/sé dialann obair bhaile ar bhealach soléite.
1.	Tar éis roinnt ullmhúcháin sa rang, tá an dalta in ann nuacht simplí 4/5 abairt a scríobh.

Nótaí

7. struchtúr bunúsach, is é sin go mbíonn forbairt nádúrtha shoiléir ina scéalta
5. cé go mbeidh roinnt earráidí sa litriú agus sa phoncaíocht

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Rang a Trí

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Bíonn líofacht, réimse foclóra, agus caighdeán maith cruinnis ag baint le scríbhneoireacht chruthaitheach an dalta. (Féach nóta 10 thíos)
9.	Déanann an dalta obair scríofa líofa shoiléir, ar chaighdeán atá oiriúnach don rangleibhéal seo, sna hábhair a bhaineann le OSIE. (Féach nóta 9)
8.	Tar éis roinnt ullmhúcháin sa rang, scríobhann an dalta cur síos suimiúil ar eachtra, ar leabhar, ar chlár teilifíse, nó a leithéid, ar chaighdeán cruinnis atá oiriúnach don rangleibhéal seo. (Féach nóta 8)
7.	Le treoir ón mhúinteoir, oibríonn an dalta go torthúil le dalta eile chun a gcuid próis scríbhneoireachta a fheabhsú maidir le soiléireacht, litriú agus poncaíocht. (Féach nóta 7)
6.	Úsáideann an dalta seo foclóir nua i gcomhthéacs ceart agus ceanglaíonn sí/sé roinnt abairtí le cónaisc ar nós 'ach', 'mar', 'nuair'.
5.	Freagraíonn an dalta ceistanna bunaithe ar an léitheoireacht in abairtí iomlána, agus seachnaíonn sí/sé formhór na mbotún a ceartaíodh go minic sa rang.
4.	Le beagáinín cabhrach tá an dalta in ann cuireadh, fógra, nó litir ghairid a scríobh de láimh nó iad a chlóbhualadh ar an ríomhaire. (Féach nóta 4)
3.	Scríobhann an dalta nuacht phearsanta de 6/7 n-abairt, tar éis beagáinín ullmhúcháin sa rang, agus baineann sí/sé úsáid cheart as ceannlitreacha agus lánstadanna.
2.	Tá an dalta in ann creatlacha réamhcheaptha a iomlánú chun scéal simplí a scríobh.
1.	Déanann an dalta cleachtaí peannaireachta go néata soiléir ar chaighdeán atá oiriúnach don rangleibhéal seo. (Féach nóta 1)

Nótaí

- 10, 8. Seachnaíonn sé/sí formhór na mbotún a ceartaíodh go minic sa rang.
- 9. OSIE, is é sin Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta.
- 7. Poncaíocht: Bheifí ag súil le ceannlitreacha, comharthaí ceiste agus lánstadanna ón aoisghrúpa seo.
- 4. Tá an seoladh scoile ar eolas aige/aici; is maith is fiú scríbhneoireacht ar an ríomhaire a chleachtadh, má tá ceann ar fáil don rang.
- 1. Is féidir scríbhneoireacht cheangailte nó scríbhneoireacht le peann dúigh a chur san áireamh anseo má oireann.

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Rang a Ceathair

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 10 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

10.	Bíonn réimse foclóra, leanúnachas agus caighdeán maith cruinnis ag baint le scríbhneoireacht chruthaitheach an dalta. (Féach nóta 10 thíos)
9.	Déanann an dalta obair scríofa líofa shoiléir sna hábhair a bhaineann le OSIE agus bíonn roinnt de shainfhoclóir na n-ábhar sin in úsáid aige/aici. (Féach nóta 9)
8.	Tar éis roinnt ullmhúcháin sa rang, scríobhann an dalta seo cur síos leanúnach ar eachtra, leabhar, clár teilifíse, nó a leithéid, ar chaighdeán cruinnis atá oiriúnach don rangleibhéal seo. (Féach nóta 8)
7.	Tar éis moltaí maidir le litriú, ailt, poncaíocht agus soiléireacht a fháil ón múinteoir faoin gcéad dréacht dá obair scríofa, cuireann an dalta a bhformhór sin i bhfeidhm san athscríobh.
6.	Úsáideann an dalta leaganacha cainte nua sa chomhthéacs ceart agus léiríonn sí/sé leanúnachas a c(h)uid oibre le focail/nathanna seachas 'ansin'. (Féach nóta 6)
5.	Scríobhann an dalta nuacht phearsanta líofa de 9/10 n-abairt agus baineann sí /sé úsáid cheart as ceannlitreacha, camóga, comharthaí ceiste agus lánstadanna.
4.	Is féidir leis an dalta scéal le pictiúir shimplí á léiriú, a scríobh de lámh nó a scríobh ar an ríomhaire. Bíonn formhór na bhfocal coitianta ann litrithe i gceart. (Féach nóta 4)
3.	Le beagáinín treorach, scríobhann an dalta fógraí simplí scoile, cártaí poist agus litreacha gearra, agus litríonn formhór na bhfocal coitianta iontu i gceart. (Féach nóta 3)
2.	Déanann an dalta cleachtaí peannaireachta go néata soiléir ar chaighdeán atá oiriúnach don rangleibhéal seo. (Féach nóta 2)
1.	Freagraíonn an dalta ceisteanna bunaithe ar an léitheoireacht ranga in abairtí iomlána a léiríonn tuiscint ar an ábhar atá léite.

Nótaí

- 10, 8. Caighdeán cruinnis oiriúnach, is é sin, go n-úsáidtear aimsirí cearta na mbriathra ar an iomlán, agus go seachnaítear formhór na mbotún eile a ceartaíodh go minic sa rang.
9. OSIE, is é sin Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta.
6. Nathanna mar 'ar dtús', 'tar éis tamaill', 'go gairid ina dhiaidh sin', 'ar ball', 'ar deireadh'.
4. Is féidir an scéal a scríobh ar an ríomhaire má tá ceann ar fáil don rang.
3. Tá an seoladh scoile agus an seoladh baile ar eolas aige/aici.
2. Is féidir scríbhneoireacht cheangailte nó scríbhneoireacht le peann dúigh a chur san áireamh anseo má oireann.

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Rang a Cúig

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 9 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad.

9.	Léiríonn an dalta a smaointe le scríbhneoireacht chruthaitheach ilghnéitheach, i nGaeilge líofa, agus ar chaighdeán maith cruinnis don rangleibhéal seo. (Féach nóta 9 thíos)
8.	Bíonn tuiscint ar choincheapa agus ar shainfhoclóir na topaice a scrúdaíodh le sonrú go soiléir i dtionscadail an dalta ar ábhair OSIE, chomh maith le cumas bunúsach aistriúcháin nuair is gá. (Féach nóta 8)
7.	Scríobhann an dalta cur síos líofa leanúnach ar eachtra, leabhar, clár teilifíse, cluiche nó a rogha ábhar. (Féach nóta 7)
6.	Déanann an dalta seo athdhréachtú éifeachtúil ar ailt d'iris ranga/scoile, ar fhógraí scoile/ceantair agus a leithéid a scríobh sí/sé féin (ar an ríomhaire nó de lámh). (Féach nóta 6)
5.	Scríobhann an dalta seo cuntas pearsanta líofa ag úsáid abairtí níos faide le struchtúir chruinne, le roinnt aidiachtaí agus dobhriathra cuí agus le poncaíocht mhaith. (Féach nóta 5)
4.	Scríobhann an dalta litir phearsanta go neamhspleách agus litir fhoirmeálta ghairid (tar éis beagán treorach ón múinteoir) le peannaireacht néata shoiléir.
3.	Tá sé ar chumas an dalta seo achoimre shimplí a scríobh ag lua príomhphointí píosa cainte nó téacs scríofa.
2.	Freagraíonn an dalta ceisteanna ar théacs eolais ranga ar bhealach a léiríonn tuiscint mhaith ar an ábhar agus seachnaíonn sí/sé botúin choitianta.
1.	Tig leis an dalta foirmeacha simplí a líonadh go néata, agus oideas cócaireachta nó liosta eile treoracha a bhreacadh síos i gceart.

Nótaí

9. Scéalta, dánta, agallaimh bheirte, drámaí gairide agus eile; caighdeán maith cruinnis, is é sin, le claoninsint agus aimsirí formhór na mbriathra i gceart, go seachnaítear an chuid is mó de na botúin a ceartaíodh go minic sa rang, agus nach mbíonn mórán earráidí sa litriú.
8. Cumas bunúsach aistriúcháin ó fhoinsí Béarla, m.sh ón idirlíon. OSIE, is é sin Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta.
7. Baineann sé/sí úsáid as réimse leaganacha, briathra, aidiachtaí agus dobhriathra mar is cuí.
6. Aithníonn sé/sí earráidí san obair scríofa agus baineann sé/sí úsáid as foclóir nó éilíonn sé/sí cabhair chun iad a sheiceáil. B'fhiú an scríbhneoireacht a dhéanamh ar an ríomhaire má tá ceann ar fáil don rang.
5. Poncaíocht mhaith, is é sin ceannlitreacha, lánstadanna, camóga, comharthaí cainte, agus comharthaí ceiste, mar a oireann.

Comharthaí Cumais don Scríbhneoireacht Rang a Sé

Tosaigh ag barr liosta na gcomharthaí cumais (comhartha 9 an ceann is deacra) agus lean ort síos go dtí an comhartha cumais is airde atá comhlíonta ag an dalta faoi dhó ar a laghad

9.	Léiríonn an dalta a smaointe le scríbhneoireacht chruthaitheach ilghnéitheach, i nGaeilge líofa nádúrtha, agus ar chaighdeán maith cruinnis don rangleibhéal seo. (Féach nóta 9 thíos)
8.	Is léir ó thionscnamh an dalta go bhfuil smacht maith ar choincheapa agus ar shainfhoclóir an ábhair aige /aici, chomh maith le scileanna réasúnta aistriúcháin nuair is gá. (Féach nóta 8)
7.	Tá sé ar chumas an dalta píosa líofa soiléir cruinn a chumadh gan é a athscríobh.
6.	Bíonn saibhreas foclóra le feiscint in obair scríofa an dalta ar saorthopaicí agus ar thopaicí a tugtar dó/di. (Féach nóta 6)
5.	Tá ar chumas an dalta achoimre ghairid Ghaeilge a scríobh ag lua príomhphointí píosa cainte nó téacs eolais Gaeilge.
4.	Aithníonn an dalta earráidí ina (h)obair scríofa agus baineann sí /sé úsáid as foclóir nó iarrann cabhair chun iad a sheiceáil.
3.	Scríobhann an dalta litir fhoirmeálta ghairid go neamhspleách, ar an ríomhaire nó de láimh, le leagan amach, agus poncaíocht oiriúnach. (Féach nóta 3)
2.	Is féidir leis an dalta leaganacha cainte ón léitheoireacht ranga agus ón gcomhrá a chur i gcomhthéacsanna suimiúla nua.
1.	Tig leis an dalta foirmeacha réasúnta simplí a líonadh le peannaireacht néata shoiléir (priondáil má iarrtar sin) agus le heolas cruinn.

Nótaí

9. scéalta, dánta, agallaimh bheirte agus drámaí gairide agus eile; caighdeán maith cruinnis, is é sin, le claoninsint agus aimsirí fhormhór na mbriathra i gceart, go seachnaítear an chuid is mó de na botúin a ceartaíodh go minic sa rang, agus nach mbíonn ach correarráid sa litriú.
8. aistriúcháin ó fhoinsí Béarla, m.sh ón idirlíon
6. ag baint úsáide as réimse leaganacha, briathra, aidiachtaí agus dobhriathra mar is cuí
3. Is maith is fiú scríbhneoireacht a dhéanamh ar an ríomhaire má tá ceann ar fáil don rang. Poncaíocht, is é sin ceannlitreacha, lánstadanna, camóga, comharthaí cainte, agus comharthaí ceiste mar a oireann.

7. FORBAIRT THEICNIÚIL NA bPRÓIFÍLÍ

Sa chaibidil seo, déantar cur síos ar fhorbairt theicniúil na bPróifílí. Sa chéad chuid, déantar cur síos ar thriail dheimhnithe a déanadh chun ord deacrachta na gcomharthaí cumais a thomhas. Ansin, tugtar eolas faoi scálú na bPróifílí. Sa tríú chuid, tugtar fianaise ar bhailíocht agus ar iontaofacht na bPróifílí.

An Triail Dheimhnithe

Tá cur síos i gCaibidil 2 ar chonas mar a aimsíodh na comharthaí cumais don Éisteacht/Labhairt, don Léitheoireacht agus don Scríbhneoireacht. Anseo, tá cuntas ar chonas mar a cuireadh na comharthaí in ord deacrachta ag gach rangleibhéal ó Naíonáin Shóisearacha (.i. Naíonáin 1) go Rang a Sé.

An Sampla

I sampla randamach de scoileanna lán-Ghaeilge agus de scoileanna Gaeltachta, iarradh ar mhúinteoirí na comharthaí cumais do ranganna Naíonáin 1 go Rang a Dó (1999) agus do Ranganna a Trí go Rang a Sé (2000) a chur in ord deacrachta agus ceistneoir gearr a líonadh chun tuairimí na múinteoirí i leith na bpróifílí a aimsiú. Ar dtús, fiafraíodh de phríomhoidí na scoileanna a roghnaíodh an mbeidís sásta go nglacfadh an scoil páirt sa taighde, agus, má bhí siad sásta, ainmneacha na múinteoirí a bheadh toilteanach na comharthaí cumais a mheas a chur chugainn. Go hiomlán sa tír uilig, bhí 30% de scoileanna lán-Ghaeilge agus 25% de scoileanna Gaeltachta páirteach san obair seo. I gcásanna ina raibh níos mó ná rang amháin ag an múinteoir céanna, roghnaíodh rang amháin, agus iarradh ar an múinteoir na comharthaí cumais a mheas don rang sin amháin. Léirítear líon na múinteoirí ag gach rangleibhéal a ghlac páirt san obair seo i dTábla 7.1. Sna scoileanna uile a roghnaíodh, níor ghlac ach múinteoir amháin ag gach rangleibhéal páirt san obair seo.

Tábla 7.1: Líon na Múinteoirí sa Triail Dheimhnithe

	Scoileanna Lán-Ghaeilge	Scoileanna sa Gaeltacht	Iomlán
Naíonáin I	13	13	26
Naíonáin II	11	12	23
Rang 1	11	9	20
Rang 2	13	12	25
Rang 3	11	11	22
Rang 4	11	9	20
Rang 5	12	13	25
Rang 6	13	13	26
Iomlán	95	92	187

Anailís ar Ord Deacrachta na gComharthaí Cumais

Fuair gach múinteoir na comharthaí cumais don Léitheoireacht/Réamhléitheoireacht, don Scríbhneoireacht, agus don Éisteacht/Labhairt dá rang leibhéal féin. Bhí na comharthaí cumais i ngach seith liostaithe in ord randamach. Iarradh ar

na múinteoirí na comharthaí cumais a chur in ord deacrachta i gcomhthéacs a dtaithe ar an rangleibhéal cuí agus cumas na ndaltaí ag an rangleibhéal sin. Deineadh anailís ar fhreagaí múinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge agus na scoileanna Gaeltachta neamhspleách ar a chéile chun difríochtaí suntasacha a lorg. Ansin, cuireadh freagraí múinteoirí sa dá chóras le chéile agus deineadh anailís orthusan.

Úsáideadh clár ríomhaireachta chun scagadh agus anailís a dhéanamh ar rangú na múinteoirí. Baineann an clár seo úsáid as triail tomhais neamh-pharaiméadrach, chíchearnaithe, agus as tomhais comhaontachta Kendall. Léirítear malartacht gach comhartha cumais i dtreo is gur féidir na cinn is lú malartachta a thógáil amach céim ar chéim, go dtí go scroictear an t-uasleibhéal comhaontachta don seit. Is féidir na múinteoirí is lú comhaontachta a aithint agus iad siúd a bhaint amach céim ar chéim freisin. Nuair a bhaintear comharthaí cumais nó múinteoirí amach, déantar atheagrú (de réir suim na ranguithe) ar na comharthaí cumais atá fágtha sa seit ansin.

Ach is ceist churaclaim í d'oibritheoir an chláir, cé acu an gcoimeádtar nó an scaoiltear le comhartha cumais ar bith. Tugann an t-innéacs comhaontachta atá ag gach comhartha cumais an treoir staitisticíúil atá riachtanach maidir lena choinneáil nó lena scaoileadh. Is é 0 an pointe neodrach, a léireodh dáileadh iomlán randamach do na ranguithe. Is é +1 an t-uasphointe comhaontachta, agus is é -1 an pointe is mó easaontas maidir le ranguithe na gcomharthaí cumais. Tugtar luach W (Kendall) mar innéacs comhaontachta don seit iomlán ansin.

Taispeánann Tábla 7.2 na hinnéacsanna comhréire idir mhúinteoirí faoi na comharthaí cumais ag gach rangleibhéal. Is iad seo na hinnéacsanna deireanacha, tar éis comharthaí cumais míoiriúnacha agus múinteoirí a raibh easaontas láidir eatarthu a fhágaint ar lár. Go ginearálta, bhí na hinnéacsanna do na bunranganna (Naíonáin I go Rang 2) níos láidre ná na hinnéacsanna do na hardranganna (Rang 3 go Rang 6). Tharla an rud céanna agus na Próifílí don Bhéarla á bhforbairt.

Tá sé soiléir freisin go bhfuil múinteoirí sna scoileanna Gaeltachta níos cóngaraí dá chéile ná múinteoirí na scoileanna lán-Ghaeilge. Mar sin féin, nuair a chuirtear torthaí mhúinteoirí sa dhá chóras le chéile, feictear to bhfuil luachanna W (Kendall) láidir go leor, ach amháin don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht sna hardranganna.

Léiríonn Tábla 7.3 líon na gcomharthaí cumais a bhí fágtha i ngach seit nuair a bhí an anailís críochnaithe. Tá na comharthaí cumais seo le fáil i gCaibidil 4 (Éisteacht/Labhairt), i gCaibidil 5 (Léitheoireacht) agus i gCaibidil 6 (Scríbhneoireacht).

Cé go raibh na comharthaí cumais réidh chun feidhm a bhaint astu ag an bpointe seo, socraíodh go ndéanfaí scálú orthu agus go mbaileofaí fianaise chun bailíocht agus iontaofacht na bPróifílí a chruthú.

Tábla 7.2: Innéacsanna Comhréire Idir Mhúinteoirí faoi na Comharthaí Cumais

	Scoileanna lán- Ghaeilge	Scoileanna Gaeltachta <i>Luach W</i> <i>(Kendall)</i> *	Iomlán
Éisteacht/Labhairt			
Naíonáin I	.71	.83	.81
Naíonáin II	.65	.81	.76
Rang 1	.59	.63	.61
Rang 2	.58	.67	.62
Rang 3	.63	.48	.63
Rang 4	.63	.65	.53
Rang 5	.66	.64	.59
Rang 6	.58	.50	.49
Léitheoireacht			
Naíonáin I	.75	.81	.68
Naíonáin II	.53	.66	.59
Rang 1	.63	.66	.59
Rang 2	.69	.54	.72
Rang 3	.62	.62	.63
Rang 4	.46	.53	.51
Rang 5	.60	.69	.48
Rang 6	.55	.55	.49
Scribhneoireacht			
Naíonáin I	.69	.75	.74
Naíonáin II	.77	.87	.76
Rang 1	.73	.72	.72
Rang 2	.75	.66	.60
Rang 3	.69	.73	.61
Rang 4	.77	.68	.67
Rang 5	.58	.74	.61
Rang 6	.55	.63	.47

* *Luach W* = comhartha comhréire idir mhúinteoirí, nuair atá 1 = comhréir iomlán, 0 = toradh neodrach, agus -1 = mór-easpa comhréire

Tábla 7.3: Líon na gComharthaí Cumais tar éis Iniúchadh na Múinteoirí

	Éisteacht/Labhairt	Réamh- léitheoireacht/ Léitheoireacht	Réamh- scribhneoireacht/ Scribhneoireacht
Naíonáin I	15	11*	10*
Naíonáin II	13	12	12
Rang 1	11	10	12
Rang 2	11	12	11
Rang 3	11	10	10
Rang 4	11	10	10
Rang 5	10	9	9
Rang 6	11	9	9

* Chomh maith leis na cinn seo, tá comharthaí cumais breise curtha leis na seiteanna seo a bhféadfaí iad a úsáid chun measúnú níos leithne a dhéanamh ar réamh-léitheoireacht agus réamh-scribhneoireacht daltaí T1 nó daltaí T2 atá sárchumasach.

Tástáil na bPróifílí

Sa bhliain 2001, roghnaíodh sampla de Scoileanna lán-Ghaeilge agus de Scoileanna Gaeltachta, agus tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i staidéar chun na próifílí a scálú, agus chun fianaise a bhailiú a chruthódh bailíocht agus iontaofacht na bPróifílí. Sampla randamach de scoileanna a bhí i gceist. Roghnaíodh scoileanna móra agus scoileanna beaga sna Gaeltachtaí éagsúla. Maidir le scoileanna lán-Ghaeilge, roghnaíodh scoileanna a bunaíodh roinnt blianta ó shin, agus scoileanna a bunaíodh tamaill gearr ó shin. Iarradh ar 35 scoil sa Ghaeltacht agus ar 30 scoil lán-Ghaeilge páirt a ghlacadh sa taighde. Bhí 26 scoileanna sa Ghaeltacht agus 21 scoil lán-Ghaeilge sásta páirt a ghlacadh. Sna scoileanna a bhí toilteanach páirt a ghlacadh sa taighde, tugadh cuireadh do mhúinteoir amháin ag gach rangleibhéal páirt a ghlacadh san obair. Má bhí níos mó ná rangleibhéal amháin ag múinteoir, iarradh air/uirthi díriú ar rangleibhéal amháin don taighde. Léiríonn Tabla 7.4 líon na scoileanna, na ranganna (múinteoirí) agus na ndaltaí a ghlac páirt san obair.

Tábla 7.4: Líon Scoileanna, Ranganna agus Daltaí sa Taighde i 2001

Rang Leibhéal	Scoileanna	Ranganna	Daltaí
Naíonáin I			
Scoileanna lán-Ghaeilge	7	7	194
Scoileanna Gaeltachta	9	9	126
Iomlán	16	16	320
Naíonáin II			
Scoileanna lán-Ghaeilge	6	6	175
Scoileanna Gaeltachta	10	10	129
Iomlán	16	16	304
Rang I			
Scoileanna lán-Ghaeilge	7	7	191
Scoileanna Gaeltachta	14	14	210
Iomlán	21	21	401
Rang II			
Scoileanna lán-Ghaeilge	6	6	152
Scoileanna Gaeltachta	15	15	245
Iomlán	21	21	397
Rang III			
Scoileanna lán-Ghaeilge	6	6	155
Scoileanna Gaeltachta	9	9	136
Iomlán	15	15	291
Rang IV			
Scoileanna lán-Ghaeilge	7	7	157
Scoileanna Gaeltachta	17	17	149
Iomlán	24	24	306
Rang V			
Scoileanna lán-Ghaeilge	8	8	178
Scoileanna Gaeltachta	9	9	143
Iomlán	17	17	321
Rang VI			
Scoileanna lán-Ghaeilge	10	10	217
Scoileanna Gaeltachta	10	10	169
Iomlán	20	20	386

Tugann Tábla 7.5 eolas ar chúla teanga formhór daltaí ranganna 3-6 sa sampla, de réir mhúinteoirí na ndaltaí. Deineadh an rangú faoi na ceannteidil seo:

- Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (T1)
- Daltaí arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, agus a fhaigheann tacaíocht láidir sa bhaile (T2a)
- Daltaí arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, ach nach bhfaigheann mórán tacaíochta sa bhaile (T2b)

Feictear gurb í an Ghaeilge teanga bhaile trian na ndaltaí sna scoileanna Gaeltachta i ranganna 3-6 sa sampla, agus 2% de na daltaí sna scoileanna lán-Ghaeilge. Is léir go bhfuil tacaíocht i labhairt na Gaeilge á fáil sa bhaile ag thart ar 40% de dhaltaí sa dá chóras.

Tábla 7.5: Cúlra Teanga na nDaltaí i Scoileanna Lán-Ghaeilge agus i Scoileanna Gaeltachta – Ranganna 3-6 (2001)

Rang		T1*		T2A*		T2B*	
		L	%	L	%	L	%
3	Scoileanna Lán-Ghaeilge	2	1.3	74	47.7	79	51.0
	Scoileanna Gaeltachta	54	39.7	45	33.1	37	27.2
	Iomlán	56	19.2	119	40.9	114	39.2
4	Scoileanna Lán-Ghaeilge	6	3.8	36	22.9	115	73.2
	Scoileanna Gaeltachta	28	18.8	63	42.3	58	38.9
	Iomlán	34	11.1	99	32.4	173	56.5
5	Scoileanna Lán-Ghaeilge	4	2.2	90	50.6	84	47.2
	Scoileanna Gaeltachta	50	35.5	53	37.6	38	27.0
	Iomlán	54	16.9	143	44.8	122	38.2
6	Scoileanna Lán-Ghaeilge	2	0.9	85	39.2	130	59.9
	Scoileanna Gaeltachta	61	36.1	69	40.8	39	23.1
	Iomlán	63	16.3	154	39.9	169	43.8
Iomlán (R. 3-6)	Scoileanna Lán-Ghaeilge	14	2.0	285	40.3	408	57.7
	Scoileanna Gaeltachta	193	32.4	230	38.7	172	28.9
	Iomlán	207	15.9	515	39.6	578	44.5

* T1 Daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga

T2a Daltaí arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, agus a fhaigheann tacaíocht láidir sa bhaile

T2b Daltaí arb í an Ghaeilge an dara teanga acu, ach nach bhfaigheann mórán tacaíochta sa bhaile

Na Tascanna

Iarradh ar mhúinteoirí na tascanna seo a dhéanamh:

- na daltaí faoina gcúram a mheasúnú san Éisteacht/Labhairt, sa Léitheoireacht agus sa Scríbhneoireacht de réir na bPróifílí, agus na torthaí a chlárú ar Thuairisc Ranga
- a mbreithiúnas féin maidir le caighdeán labhartha gach dalta a thabhairt de réir scálaí a tugadh dóibh, ag tabhairt marc idir 1 agus 5 dóibh faoi ceannteidil éagsúla (féach thíos) agus na marcanna sin a chlárú ar an Tuairisc Ranga
- eolas faoi chúla teanga gach dalta a chlárú
- trial chaigndeánaithe sa léitheoireacht a chur ar dhaltaí Rang 3 go Rang 6.

Measúnú Daltaí de réir na bPróifílí

Nuair a bhí dalta á mheasúnú de réir na bPróifílí (m.sh. sa léitheoireacht), thosaigh an múinteoir ag barr na bileoige agus d'oibrigh sé/sí anuas go dtí gur shroich sé/sí an chéad chomhartha cumais gurbh fhéidir leis an dalta é a chomhlíonadh go neamhspleách. Ansin chláraigh an múinteoir uimhir an chomhartha cumais sin ar an Tuairisc Ranga agus uimhir aon chomhartha cumais níos ísle nár chomhlíon an dalta fós.

Measúnú Chumas Labhartha an Dalta

Thug gach múinteoir marcanna idir 1 agus 5 do gach dalta ina rang, faoi na ceannteidil seo:

- Líofacht – an-bhriotach, briotach, sásúil, líofa, an-líofa
- Béarla nó idir-theanga (Gaeilge le struchtúir an Bhéarla air) – an-chuid Béarla/ idirtheanga, roinnt Béarla/idirtheanga, beagán Béarla/idirtheanga, fíor-bheagán Béarla/idirtheanga, gan Béarla/idirtheanga.
- Réimse Foclóra – an-bhunúsach, bunúsach, sásúil, maith, an-mhaith,
- Cruinneas teanga – an-mhí-chruinn, mí-chruinn, sásúil, maith, an-mhaith
- Blas na teanga – an-lochtach, lochtach, sásúil, maith, an-mhaith

Rinne na múinteoirí a mbreithiúnais a chlárú ar Fhoirm Ranga. Tá na scálaí agus an Tuairisc Ranga le fáil in Aguisín C.

Measúnú Leis an Triail Chaighdeánach

Cuireadh Triail Chaighdeánach ar gach dalta i ranganna 2-6. Úsáideadh Triail Ghaeilge Dhromchonnrach (Foras Taighde ar Oideachas, 1977) ag na leibhéil thíos.

Rang 2:	Leibhéal 2	Foclóir A (Pictiúir), Foclóir B (Abairtí), Tuiscint
Ranganna 3 agus 4:	Leibhéal 3	Foclóir A (Pictiúir), Foclóir B (Abairtí), Tuiscint
Ranganna 5 agus 6:	Leibhéal 4	Foclóir A (Pictiúir), Foclóir B (Abairtí), Tuiscint A (Abairtí) agus Tuiscint B (Scéalta)

Toisc nach raibh triail le noirm oiriúnacha ar fáil do pháistí sna scoileanna Gaeltachta agus sna scoileanna lán-Ghaeilge, socraíodh go n-úsáidfí triail do dhaltaí sna gnáthscoileanna, ach ar leibhéal níos airde ná mar is gnáth. Mar shampla, úsáideadh Leibhéal 3 le ranganna 3 agus 4, cé gur i ranganna 5 agus 6 a úsáidtear de ghnáth é. Os rud é nach raibh na noirm don triail chaighdeánach dírithe ar dhaltaí Gaeltachta/lán-Ghaeilge agus nár cuireadh an triail ar na ranganna ar a raibh siad dírithe, níor baineadh úsáid as na noirm sna lámhleabhair a ghabhann leis an triail.

Torthaí na Tástála

Feictear i dTábla 7.6 cé mar a d'éirigh leis na daltaí sna ranganna go léir ar na comharthaí cumais agus le daltaí Rang 2 go Rang 6 sa triail chaighdeánach chomh maith. Caithfear a chur san áireamh nach raibh an líon céanna comharthaí cumais in úsáid do gach snáithe agus do gach rangleibhéal (colún 3). Ar dtús, tugtar meánscórtha na ndaltaí ar na comharthaí cumais is airde a bhí sroichte acu (dar lena múinteoirí), ag na rangleibhéil éagsúla (colún 4), agus na diallais chaighdeánacha a ghabhann leis na méanscórtha sin (colún 5). Feictear, mar shampla, gur shroich daltaí i Naíonáin 1 (Naíonáin Shóisearacha) beagáinín os cionn comhartha cumais a naoi (.i. CC 9) ar an meán san Éisteacht/Labhairt. Is é an diallas caighdeánach a ghabhann le meán- scór de 9.22 ná 3.31. Ciallaíonn sé seo go dtiteann 68% de na scórtha don Éisteacht/Labhairt ag an rangleibhéal seo idir an séú agus an tríú comhartha cumais déag (.i. idir 5.91 agus 12.53 nó idir CC 6 agus CC 13). Taispeánann colún 6 an réimse scórtha a cláraíodh. Feictear i Naíonáin 1 gur cláraíodh scórtha idir 1 agus 15. I gcolún 7, tugtar an meánscór i bhfoirm céatadán den líon iomlán comharthaí cumais. Mar shampla, i Naíonáin 1, shroich daltaí 62% de na comharthaí cumais don Éisteacht/Labhairt ar an meán.

Shroich formhór na daltaí i Naíonáin 1 na comharthaí cumais is airde don réamhscríbhneoireacht agus don réamhléitheoireacht. Cuireadh comhairle orainn go luath i bhforbairt na bPróifílí gan an iomarca béime a chur ar ghnéithe foirmiúla na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta sna Naíonáin Shóisearacha, toisc go ndírítear go láidir ar an Éisteacht/Labhairt ag an rangleibhéal seo. Ina ainneoin seo, scóráil na daltaí go hard ar an réamhscríbhneoireacht agus ar an réamhléitheoireacht.

Tá torthaí neamhspleácha don dá shaghas scoile – .i. Scoileanna lán-Ghaeilge agus Scoileanna Gaeltachta – in Aguisín D (Táblaí 7.6a agus 7.6b).

Scálú na bPróifílí

Chun gur féidir le múinteoirí torthaí a gcuid daltaí a chur i gcomparáid le daltaí i scoileanna eile, aimsíodh oird percintíle do na trí shnáithe churaclaim – Éisteacht/Labhairt, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht – ag gach rangleibhéal. Is ón dáileadh minicíochta carnaí a fuarthas na hoird percintíle seo. Fuarthas iad don dá chóras go neamhspleách, agus ansin don dá chóras le chéile (Féach ar na táblaí norm i gCaibidil 8). B'fhéarr na hoird percintíle don dá chóras le chéile a úsáid de ghnáth toisc go bhfuil siad sin bunaithe ar líon níos mó daltaí. Feictear go bhfuil na hoird pheircintíle an-chóngarach dá chéile ag barr an réimse sna ranganna naíonáin go háirithe. Léiríonn sé seo gur mheas múinteoirí gur chomhlíon roinnt mhaith daltaí na comharthaí cumais is airde sna ranganna sin, agus nach ionainn an fhad idir na comharthaí cumais éagsúla ar an gcontanam forbartha don Ghaeilge.

Torthaí ar an Triail Chaighdeánach

I dTábla 7.6 tugtar torthaí na ndaltaí sa léitheoireacht de réir Triail Ghaeilge Dhromchonnrach (Rang 2 ar aghaidh). Ar dtús, cuireadh le chéile amhscórtha na bhfo-thrialacha a luadh thuas, agus fuarthas amhscór iomlán don léitheoireacht do gach dalta. Tugtar na meánscórtha (agus na diallais chaighdeánacha a ghabhann leo) sa Tábla. Mar shampla, i Rang 2, ba é an meánscór don léitheoireacht (ar an triail chaighdeánach) ná 49.29 (diallas caighdeánach = 13.59). Bhí réimse scórtha na daltaí idir 15 agus 70, agus d'fhreagair na daltaí 70.4% de na ceisteanna i gceart.

Léiríonn an céatadán seo go raibh an triail furasta go leor dóibh, in ainneoin gur ar Ranganna 3 agus 4 a chuirtear Leibhéal 2 den triail de ghnáth. Feictear an sceabha céanna sna céatadáin do na ranganna eile chomh maith.

Tá torthaí neamhspleácha sa triail chaighdeánach don dá shaghas scoile – .i. scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta – in Aguisín D (Táblaí 7.6a agus 7.6b) chomh maith.

Tábla 7.6: Torthaí na nDaltaí ar na Próifílí agus ar an Triail Chaighdeánach – Meán Scórtha, Diallas Chaighdeánacha, Réimse Scórtha agus Céatadán

	Líon Daltaí	Líon comharthaí/ ceisteanna*	Meán Scór	Diallas Caighd eánach	Réimse Scórtha	Céatadán
Naíonáin I						
Éisteacht/Labhairt	320	15	9.22	3.31	1-15	61.5
Réamh-Léitheoireacht	320	11	8.62	2.62	1-11	78.4
Réamh-Scribh.	319	10	8.50	1.71	2-10	85.0
Naíonáin II						
Éisteacht/Labhairt	304	13	8.32	3.28	1-13	64.0
Léitheoireacht	304	12	9.17	2.46	2-12	76.4
Scribhneoireacht	304	12	8.63	2.42	3-12	71.9
Rang a hAon						
Éisteacht/ Labhairt	401	11	6.62	2.77	1-11	60.2
Léitheoireacht	401	10	6.85	2.49	1-10	68.5
Scribhneoireacht	401	12	7.63	2.77	1-12	63.6
Rang a Dó						
Éisteacht/Labhairt	403	11	7.64	2.77	1-11	69.5
Léitheoireacht	403	12	8.49	3.42	1-12	70.8
Scribhneoireacht	402	11	7.21	2.70	1-11	65.5
Triail Chaighdeánach	383	70	49.29	13.59	15-70	70.4
Rang a Trí						
Éisteacht/Labhairt	291	11	7.29	2.29	2-11	66.3
Léitheoireacht	291	10	6.96	2.09	1-10	69.6
Scribhneoireacht	291	10	6.54	2.06	1-10	65.4
Triail Chaighdeánach	274	72	49.85	13.89	14-72	69.2
Rang a Ceathair						
Éisteacht//Labhairt	306	11	6.63	2.96	1-11	60.3
Léitheoireacht	306	10	6.25	2.60	1-10	62.5
Scribhneoireacht	306	10	5.58	2.43	1-10	55.8
Triail Chaighdeánach	306	72	53.62	13.52	6-72	74.5
Rang a Cúig						
Éisteacht/Labhairt	321	10	6.61	2.08	1-10	66.1
Léitheoireacht	319	9	6.21	1.79	1-9	69.0
Scribhneoireacht	319	9	5.61	2.04	1-9	62.3
Triail Chaighdeánach	319	80	65.3	11.63	16-79	81.6
Rang a Sé						
Éisteacht/Labhairt	386	11	7.63	2.61	1-11	69.4
Léitheoireacht	386	9	6.72	1.98	1-9	74.7
Scribhneoireacht	385	9	6.12	2.12	1-9	68.0
Triail Chaighdeánach	382	80	69.0	11.24	11-80	86.3

** Ceisteanna sa triail chaighdeánach atá i gceist anseo

Breithiúnais Neamhspleácha Mhúinteoirí ar Chumas Labhartha na nDaltaí

Mar a léiríodh thuas, thug múinteoirí a mbreithiúnais ar chumas labhartha a ndaltaí de réir scálaí breise a mheas líofacht, úsáid idir-theanga/Béarla, réimse foclóra, cruinneas teanga agus blas. Tá meánscórtha do Naionáin 1 go Rang 2 ar fáil ar Thábla 7.7 agus meánscórtha do Rang 3 go Rang 6 ar Thábla 7.8. Feictear, mar shampla, go raibh na meánscórtha do dhaltaí Naionáin 1 idir 2.64 (Easpa Béarla/Iidir-Theanga) agus 3.18 (Blas).

Nuair a bhí na torthaí á n-áireamh, fuarthas scór iomlán don chumas labhartha do gach dalta. 'Sé atá san scór iomlán ná suim na scórtha don líofacht, easpa Béarla idir-theanga, réimse foclóra, cruinneas teanga agus blas. Tá meánscór iomlán do gach rangleibhéal ar Tháblaí 7.7 agus 7.8. Sé an meánscór iomlán do Naionáin 1 ná 14.48 (diallas caighdeánach = 5.62).

I gcolún 7, tugtar gach meánscór i bhfoirm céatadán den uas-scór. Mar shampla, i Naionáin 1, scóráil daltaí 57.0% de na pointí ar fad a bhí ar fáil don líofacht.

Tábla 7.7: Breithiúnais Mhúinteoirí faoi Chumas Gaeilge Labhartha a nDaltaí –Méanscórtha, Diallais Chaighdeánacha, Réimsí Scórtha agus Céatadán do Naionáin 1 go Rang 2

	Líon Pointí	Líon Daltaí	Mean Scór	Diallas Caighdeánach	Réimse Scórtha	Céatadán
Naionáin I						
Líofacht	5	320	2.85	1.18	1-5	57.0
Béarla/Iidir-Theanga (Easpa)	5*	320	2.64	1.44	1-5	52.8
Réimse Foclóra	5	320	2.86	1.32	1-5	57.2
Cruinneas	5	320	2.94	1.22	1-5	58.8
Blas	5	320	3.18	1.05	1-5	63.6
Scála Iomlán	25	320	14.48	5.62	5-25	57.9
Naionáin II						
Líofacht	5	302	3.23	1.03	1-5	64.6
Béarla/Iidir-Theanga (Easpa)	5*	302	2.91	1.19	1-5	58.2
Réimse Foclóra	5	302	3.53	1.09	1-5	70.6
Cruinneas	5	302	3.51	1.09	1-5	70.2
Blas	5	302	3.31	1.16	1-5	66.2
Scála Iomlán	25	302	16.50	4.80	5-25	66.0
Rang a hAon						
Líofacht	5	401	3.28	1.11	1-5	65.6
Béarla/Iidir-Theanga (Easpa)	5*	401	2.95	1.24	1-5	59.0
Réimse Foclóra	5	401	3.31	1.15	1-5	66.2
Cruinneas	5	401	3.32	1.09	1-5	66.4
Blas	5	401	3.39	1.14	1-5	67.8
Scála Iomlán	25	400	16.25	5.12	5-25	65.0
Rang a Dó						
Líofacht	5	403	3.45	1.20	1-5	69.0
Béarla/Iidir-Theanga (Easpa)	5*	403	3.22	1.19	1-5	64.4
Réimse Foclóra	5	403	3.37	1.09	1-5	67.4
Cruinneas	5	403	3.25	1.09	1-5	65.0
Blas	5	403	3.56	1.09	1-5	71.2
Scála Iomlán	25	403	16.85	5.17	5-25	57.0

*Ciallaíonn 5 anseo nach raibh aon idir-theanga ná Béarla in úsáid ag an dalta agus é/í ag labhairt na Gaeilge.

Tábla 7.8: Breithiúnais Mhúinteoirí faoi Chumas Gaeilge Labhartha a nDaltaí – Méanscórtha, Diallais Chaighdeánacha agus Réimsí Scórtha do Rang 3 go Rang 6

	Líon Pointí	Líon Daltaí	Meán Scór	Diallas Caighdeánach	Réimse Scórtha	Céatadán
Rang a Trí						
Líofacht	5	291	3.51	0.99	1-5	70.2
